

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B**► **M28 CINNEADH 2012/642/CBES****ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012**

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ◀

(IO L 285, 17.10.2012, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► M1	Council Implementing Decision 2013/248/CFSP of 29 May 2013 (*)	L 143	24	30.5.2013
► M2	Council Decision 2013/308/CFSP of 24 June 2013 (*)	L 172	31	25.6.2013
► M3	Council Decision 2013/534/CFSP of 29 October 2013 (*)	L 288	69	30.10.2013
► M4	Council Implementing Decision 2014/24/CFSP of 20 January 2014 (*)	L 16	32	21.1.2014
► M5	Council Implementing Decision 2014/439/CFSP of 8 July 2014 (*)	L 200	13	9.7.2014
► M6	Council Decision 2014/750/CFSP of 30 October 2014 (*)	L 311	39	31.10.2014
► M7	Council Implementing Decision (CFSP) 2015/1142 of 13 July 2015 (*)	L 185	20	14.7.2015
► M8	Council Implementing Decision (CFSP) 2015/1335 of 31 July 2015 (*)	L 206	64	1.8.2015
► M9	Council Decision (CFSP) 2015/1957 of 29 October 2015 (*)	L 284	149	30.10.2015
► M10	Council Decision (CFSP) 2016/280 of 25 February 2016 (*)	L 52	30	27.2.2016
► M11	Council Decision (CFSP) 2017/350 of 27 February 2017 (*)	L 50	81	28.2.2017
► M12	Council Decision (CFSP) 2018/280 of 23 February 2018 (*)	L 54	16	24.2.2018
► M13	Council Decision (CFSP) 2019/325 of 25 February 2019 (*)	L 57	4	26.2.2019
► M14	Cinneadh (CBES) 2020/214 ón Gcomhairle an 17 Feabhra 2020	L 45	3	18.2.2020
► M15	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020	L 319I	13	2.10.2020
► M16	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1650 ón gComhairle an 6 Samhain 2020	L 370I	9	6.11.2020
► M17	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/2130 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020	L 426I	14	17.12.2020
► M18	Cinneadh (CBES) 2021/353 ón gComhairle an 25 Feabhra 2021	L 68	189	26.2.2021
► M19	Cinneadh (CBES) 2021/908 ón gComhairle an 4 Meitheamh 2021	L 197I	3	4.6.2021
► M20	Cinneadh (AE) 2021/1001 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021	L 219I	67	21.6.2021
► M21	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021	L 219I	70	21.6.2021
► M22	Cinneadh (CBES) 2021/1031 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021	L 224I	15	24.6.2021
► M23	Cinneadh (CBES) 2021/1989 ón gComhairle an 15 Samhain 2021	L 405	8	16.11.2021
► M24	Cinneadh (CBES) 2021/1990 ón gComhairle an 15 Samhain 2021	L 405	10	16.11.2021
► M25	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021	L 430I	16	2.12.2021

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

► <u>M26</u>	Cinneadh (CBES) 2022/218 ón gComhairle an 17 Feabhra 2022	L 37	41	18.2.2022
► <u>M27</u>	Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022	L 46	97	25.2.2022
► <u>M28</u>	Cinneadh (CBES) 2022/356 ón gComhairle an 2 Márta 2022	L 67	103	2.3.2022
► <u>M29</u>	Cinneadh (CBES) 2022/399 ón gComhairle an 9 Márta 2022	L 82	9	9.3.2022
► <u>M30</u>	Cinneadh (CBES) 2022/579 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022	L 111	81	8.4.2022
► <u>M31</u>	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/881 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	77	3.6.2022
► <u>M32</u>	Cinneadh (CBES) 2022/882 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	88	3.6.2022
► <u>M33</u>	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1243 ón gComhairle an 18 Iúil 2022	L 190	139	19.7.2022
► <u>M34</u>	Cinneadh (CBES) 2023/421 ón gComhairle an 24 Feabhra 2023	L 61	41	27.2.2023
► <u>M35</u>	Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1592 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023	L 195I	31	3.8.2023
► <u>M36</u>	Cinneadh (CBES) 2023/1601 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023	L 196	37	4.8.2023
► <u>M37</u>	Cinneadh (CBES) 2023/2686 ón gComhairle an 27 Samhain 2023	L 2686	1	28.11.2023

Arna cheartú le:

- **C1** Ceartúchán, IO L 57, 18.2.2021, lch. 93 (2020/1650)
- **C2** Ceartúchán, IO L 450, 16.12.2021, lch. 169 (2021/2125)
- **C3** Ceartúchán, IO L 323, 19.12.2022, lch. 106 (2021/1002)
- **C4** Ceartúchán, IO L 70, 8.3.2023, lch. 56 (2023/421)
- **C5** Ceartúchán, IO L 90, 28.3.2023, lch. 66 (2023/421)

▼ B▼ M28

CINNEADH 2012/642/CBES

ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

▼ B*Article 1*

1. The sale, supply, transfer or export of arms and related material of all types, including weapons and ammunition, military vehicles and equipment, paramilitary equipment and spare parts for the aforementioned, as well as equipment which might be used for internal repression, to Belarus by nationals of Member States or from the territories of Member States or using their flag vessels or aircraft, shall be prohibited whether originating or not in their territories.

2. It shall be prohibited to:

- (a) provide, directly or indirectly, technical assistance, brokering services or other services related to the items referred to in paragraph 1 or related to the provision, manufacture, maintenance and use of such items, to any natural or legal person, entity or body in, or for use in, Belarus;
- (b) provide, directly or indirectly, financing or financial assistance related to the items referred to in paragraph 1, including in particular grants, loans and export credit insurance, for any sale, supply, transfer or export of such items, or for the provision of related technical assistance, brokering services or other services to any natural or legal person, entity or body in, or for use in, Belarus;
- (c) participate, knowingly and intentionally, in activities, the object or effect of which is to circumvent the prohibitions referred to in points (a) or (b).

▼ M36*Airteagal 1a*

1. Gan dochar d’Airteagal 1 den Chinneadh seo, maidir le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armhlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus airm thine agus airm eile mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh seo, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar na hairm sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armhlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armhlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

▼M36

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:
- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó
 - (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 i ndáil leis na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

▼B*Article 2*

1. Article 1 shall not apply to the:
- (a) sale, supply, transfer or export of non-lethal military equipment or of equipment which might be used for internal repression, intended solely for humanitarian or protective use, or for institution building programmes of the United Nations (UN) and the Union, or for EU and UN crisis management operations;
 - (b) sale, supply, transfer or export of non-combat vehicles which have been manufactured or fitted with materials to provide ballistic protection, intended solely for protective use of personnel of the Union and its Member States in Belarus;
 - (c) provision of technical assistance, brokering services and other services related to such equipment or to such programmes and operations;
 - (d) provision of financing and financial assistance related to such equipment or to such programmes and operations,

on condition that such exports and assistance have been approved in advance by the relevant competent authority.

2. Article 1 shall not apply to protective clothing, including flak jackets and military helmets, temporarily exported to Belarus by UN personnel, personnel of the Union or its Member States, representatives of the media and humanitarian and development workers and associated personnel, for their personal use only.

▼M22**▼M19***Airteagal 2a*

1. Diúltóidh na Ballstáit cead d'aon aerárthach arna oibriú ag aeriompróirí de chuid na Bealarúise, lena n-áirítear mar iompróir margaíochta, tuirlingt ar a gcríocha, éirí de thalamh óna gcríocha nó traseitilt thar a gcríocha, i gcomhréir lena rialacha agus lena ndlíthe náisiúnta agus ar comhchuí leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe na comhaontuithe eitlíochta sibhialta idirnáisiúnta ábhartha.

▼ M19

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás tuirlingt éigeandála nó traseitilt éigeandála.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina gcinnfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann gur gá tuirlingt, éirí de thalamh nó traseitilt chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Chinnidh seo. Sa chás sin, cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas.

▼ M29*Airteagal 2a*

1. An Bainisteoir Líonra le haghaidh feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair, tacóidh sé leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh Airteagail 2a agus 4(2) den Chinneadh seo a áirithiú. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra, go háirithe, do na pleananna eitle uile arna gcomhdú ag oibreoirí aerárthaí, ar pleananna iad ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh ar chríoch an Aontais nó ar chríoch na Bealarúise, arb ionann iad agus sárú ar fhorálacha an Chinnidh seo, sa chaoi nach gceadaítear don phiólóta eilt.

2. Cuirfidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha ar chur chun feidhme Airteagal 2a ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit, bunaithe ar anailís ar phleananna eitle.

▼ M22*Airteagal 2b*

1. Toirmeascfar trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú díreach nó indíreach chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis, a bheartaítear go príomha lena n-úsáid ag údarais na Bealarúise nó thar a gceann, chun faireachán a dhéanamh ar chumarsáid idirlín agus teileafóin ar líonraí soghluaiste nó seasta nó chun í a idircheapadh, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar cúnamh airgeadais agus theicniúil chun trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí den sórt sin a shuiteáil, a oibriú nó a nuashonrú, ag náisiúnaigh de Bhallstáit nó ó chríocha na mBallstát.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú an trealaimh, na teicneolaíochta nó na mbogearraí a údarú, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar gaolmhar cúnamh airgeadais agus theicniúil, dá dtagraítear i mír 1, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh nach n-úsáidfeadh Rialtas na Bealarúise, comhlachtaí poiblí, corparáidí nó gníomhaireachtaí, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas nádúrtha nó dlítheanach a bheadh ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, an trealamh, an teicneolaíocht nó na bogearraí sin le haghaidh diansmachta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na gnéithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M28***Airteagal 2c*▼ **M36**

1. Gach earra agus teicneolaíocht dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis ag náisiúnaigh de chuid Ballstát nó ó chríocha na mBallstát nó a bhfuil a soithí brataí nó a n-aerárthaí in úsáid acu, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

▼ **M28**

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, nó ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le hearraí ná teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;

▼ **M36**

- (c) ítimí a onnmhairiú go sealadach lena n-úsáid ag na meáin nuachta;

▼ **M28**

- (d) nuashonruithe bogearraí;

▼ **M36**

- (e) úsáid mar ghléasanna cumarsáide tomhaltóirí; nó;

- (f) úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus é sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí ceirde atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

▼ M36

Cé is moite de phointe (f) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

▼ M28

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Bealarúise i gcomhair ábhair shibhialtacha amháin;
- (b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;
- (c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
- (d) sábháilteacht mhuirí;

▼ M36

- (e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin iad de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó faoi úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

▼ M28

- (f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt, ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

▼ M36

- (g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó
- (h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údaraithe de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú earraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼ **M36**

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdarais inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼ **M28**

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarraidh ar údarú de bhun mhíreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil údarú a dheonú má tá forais réasúnacha aige chun a chreidiúint:

▼ **M36**

- (i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, nó duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II atá san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí murar rud é go gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go gceadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 2da(1), pointe (a); nó
- (ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, murar rud é go gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó go gceadaítear an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4, pointe (b).

▼ **M28**

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfí an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

9. Liostaítear in Iarscríbhinn IV na tíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear i bpointí 4(f) agus (g) den Airteagal seo agus i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 2d(4), agus a chuireann i bhfeidhm bearta atá coibhéiseach go substaintiúil maidir le rialú onnmhairí.

Airteagal 2d

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le hearnáil cosanta agus slándála na Bealarúise a fhorbairt, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, nó ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;

▼ **M28**

- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht a liostaítear i mír 1, a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil ná an cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;

▼ **M36**

- (c) onnmhairiú sealadach ítimí lena n-úsáid ag meáin nuachta;

▼ **M28**

- (d) nuashonruithe bogearraí;
- (e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí;

▼ **M36**

- (f) úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus é sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí ceirde atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

Cé is moite de phointe (f) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

▼ **M28**

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Bealarúise i gcomhair ábhair shibhialtacha amháin;

▼ M28

- (b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;
- (c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
- (d) sábháilteacht mhuirí;

▼ M36

- (e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin iad de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó faoi úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

▼ M28

- (f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

▼ M36

- (g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó
- (h) an chibearshlándaíl agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

4a. Gan dochar do mhír 4, pointe (e), agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais beartaithe chun clabhsúr a chur, faoin 6 Feabhra 2024, ar chonarthaí agus ar oibriúcháin a bheidh ar siúl an 5 Lúnasa 2023 agus atá riachtanach chun seirbhísí teileachumarsáide sibhialta a sholáthar do phobal sibhialta na Bealarúise.

▼ M28

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼ M36

5a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údarás inniúla na mBallstát díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 8536 69, 8536 90, 8541 30 agus 8541 60 a údarú, go dtí an 6 Feabhra 2024, nó soláthar an chúnamh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais a údarú, a mhéid is gá sin chun go mbeidh comhfhiontar a bhfuil úinéireacht tromlaigh ag cuideachta atá bunaithe san Aontas air an 5 Lúnasa 2023 in ann na hearraí sin sa Bhealarúis a phróiseáil, chun críche iad a allmhairiú isteach san Aontas ina dhiaidh sin agus chun earraí a tháirgeadh san Aontas ina dhiaidh sin a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid san earnáil sláinte nó cógaisíochta, nó i réimse an taighde agus na forbartha.

▼ **M36**

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼ **M28**

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarraidh ar údarú de bhun mhíreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil údarú a dheonú má tá forais réasúnacha aige chun a chreidiúint:

▼ **M36**

- (i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh mhíleata, nó duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II atá san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, murar rud é go gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go gceadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 2da(1), pointe (a); nó
- (ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, murar rud é go gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó go gceadaítear an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4, pointe (b).

▼ **M28**

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

9. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2da

1. Maidir leis na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus de mhaolú ar Airteagal 2c(1) agus (2) agus Airteagal 2d(1) agus (2), agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt na hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide agus na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 2d a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh airgeadais gaolmhar nó cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, ach amháin tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar:

- (a) riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó
- (b) dlíte faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼ **M28**

2. Na húdaruithe a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh údaruithe den sórt sin bailí ar fud an Aontais.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú atá deonaithe aige de bhun mhír 1 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann sé gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

▼ **M22***Airteagal 2e*

1. Toirmeascfar earraí a úsáidtear i dtáirgeadh nó monarú táirgí tobac a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i mBealarúis nó le húsáid i mBealarúis, ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríoch na mBallstát nó toirmeascfar a soithí brataí nó aerárthaí a úsáid, cibé an dtionscnaítear nó nach dtionscnaítear na hearraí sin ar a gcríoch.

▼ **M28**

1a. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh airgeadais nó maoiniú a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i mír 1.

▼ **M22**

2. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M28**

▼ **M22***Article 2f*▼ **M26**

1. Toirmeascfar ceannach, allmhairiú nó aistriú táirgí ► **M28** breoslaí mianracha, substaintí biotúmanacha agus hidreacarbón gásachghásaigh ◀.

▼ **M22**

2. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh airgeadais nó maoiniú a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M26**

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc dá dtagraítear i mír 1 maidir le ceannach táirgí ► **M28** breoslaí mianracha, substaintí biotúmanacha agus hidreacarbón gásach ◀ sa Bhealarúis a theastaíonn chun freastal ar bhunriachtanais an cheannaitheora sa Bhealarúis nó ar riachtanais tionscadal daonnúil sa Bhealarúis.

▼ **M28**▼ **M26**

► **M28** 5. ◀ Beidh na toirmisc i mír 1 agus mír 2 gan dochar don tsaoirse chun táirgí ► **M28** breoslaí mianracha, substaintí biotúmanacha agus hidreacarbón gásach ◀ a aistriú ar fud na Bealarúise, ar de thion-snamh tríú tír iad.

▼ **M22***Airteagal 2g*

1. Toirmeascfar ceannach, allmhairiú nó aistriú táirgí clóiríde potaisiam (“potais”) ó Bhealarúis.

▼ **M28**

1a. Toirmeascfar cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh airgeadais nó maoiniú a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i mír 1.

▼ **M22**

2. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M28**▼ **M22***Article 2h*

Maidir le hurrúis inaistrithe agus ionstraimí don mhargadh airgid a bhfuil aibíocht nach mó ná 90 lá acu, toirmeascfar iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta nó cúnamh a sholáthar i gcás a n-eisiúint, go díreach nó go hindíreach, nó déileáil leo ar bhealach ar bith eile, ar urrúis nó ionstraimí iad arna n-eisiúint tar éis an 29 Meitheamh 2021 ag:

▼ **M26**

- (a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;
- (b) mórinstiúid creidmheasa atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí ón 1 Meitheamh 2021, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil breis is 50 % dá chearta dílsithe faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den Airteagal seo;
- (d) duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) den Airteagal seo.

▼ M29*Airteagal 2ha*

1. Toirmeascar idirbhearta a bhaineann le cúlchistí a bhainistiú chomh maith le sócmhainní Bhanc Ceannais na Bealarúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Bealarúise nó ar threoir uaidh.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil géarghá leis sin chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.
3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir leis an rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 2.

Airteagal 2hb

I gcás urrúis inaistrithe aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Bhealarúis agus a bhfuil níos mó ná 50% di faoi úinéireacht phoiblí, ón 12 Aibreán 2022, toirmeascfar seirbhísí a liostú agus a sholáthar ar ionaid trádála a bheidh cláraithe nó aitheanta san Aontas.

▼ M22*Airteagal 2i*

1. Toirmeascfar aon socrú a dhéanamh go díreach nó go hindíreach, nó a bheith ina chuid de, chun iasachtaí nua nó creidmheas a dhéanamh ag a mbeidh aibíocht is faide ná 90 lá, tar éis an 29 Meitheamh 2021 chuig:

▼ M26

- (a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;
- (b) mórinstiúid creidmheasa atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí amháil ón 1 Meitheamh 2021, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil breis is 50 % dá chearta dílsithe faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den mhír seo;
- (d) duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) den mhír seo.

▼ M22

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 maidir le hiasachtaí ná creidmheasanna a bhfuil cuspóir sonracha agus doiciméadaithe acu chun maoiniú a sholáthar le haghaidh allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmisce earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú stát eile is gá chun conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú.

3. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit údarú a dheonú freisin, faoi cibé téarmaí a mheasann sé a bheith iomchuí, chun na hiasachtaí nó na creidmheasanna dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt nó chun bheith mar chuid díobh más rud é gur chinn an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

- (a) gur chun críche tacaíocht a thabhairt do phobal sibhialta na Bealarúise, amhail cúnamh daonnúil, tionscadail chomhshaoil, agus sábháilteacht núicléach, na gníomhaíochtaí atá i gceist nó go bhfuil gá leis an iasacht nó leis an gcreidmheas chun cúlchiste íosta dlíthiúil nó rialála nó ceanglais chomhchosúla a chomhlíonadh chun na critéir sócmhainneachta agus leachtachta d'eintitis airgeadais sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht institiúidí airgeadais an Aontais a chomhlíonadh; agus
- (b) nach ionann na gníomhaíochtaí nó an iasacht nó an creidmheas lena mbaineann agus cistí nó acmhainní eacnamaíocha a bheith á gcur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 4 nó chun tairbhe an duine, an eintitis nó an comhlachta sin.

Agus na coinníollacha faoi phointí (a) agus (b) á gcur i bhfeidhm, éileoidh an t-údarás inniúil faisnéis leordhóthanach maidir le húsáid an údaraithe a deonaíodh, lena n-áirítear faisnéis maidir le cuspóir na ngníomhaíochtaí lena mbaineann agus maidir lena gcontrapháirtithe.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M28**▼ M23**

Airteagal 2j

▼ M26

1. Toirmeascfar árachas nó athárachas a sholáthar do:

- (a) Poblacht na Bealarúise, a rialtas, a comhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí;
- (b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointe (a).

▼ M23

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hárachas éigeantach nó árachas dlíteanais tríú páirtí a sholáthar do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí na Bealarúise i gcás ina bhfuil an riosca arna árachú suite san Aontas, ná maidir le hárachas a sholáthar do mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na Bealarúise san Aontas.

▼ **M28**▼ **M22***Airteagal 2k*▼ **M29**

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, dul timpeall ar na toirmisc sin a leagtar amach sa Chinneadh seo.

▼ **M22***Airteagal 2l*

De bhreis ar na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 2i, toirmeascfar an méid seo a leanas:

- (a) aon eisíocaíocht nó íocaíocht a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) faoi aon chomhaontuithe atá ann cheana a rinneadh idir Poblacht na Bealarúise nó aon údarás poiblí dá cuid agus an BEI, nó i gceangal le haon chomhaontuithe den chineál sin;
- (b) leanúint d'aon Chonarthaí Seirbhíse Cúnaimh Theicniúil ag BEI atá ann cheana a bhaineann le tionscadail arna maoiniú faoi na comhaontuithe dá dtagraítear i bpointe (a), agus atá beartaithe chun tairbhe dhíreach nó indíreach Phoblacht na Bealarúise nó aon údaráis phoiblí dá cuid a dhéanamh sa Bhealarúis

Airteagal 2m

Déanfaidh na Ballstáit an beart is gá chun rannpháirtíocht na mbanc forbartha iltaobhacha, ar comhaltaí díobh iad, sa Bhealarúis a theorannú, go háirithe an Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, lena n-áirítear trí vóta a chaitheamh in aghaidh iasachtaí nua nó cineálacha eile maoinithe do na heintitis a luaitear in Airteagal 2i, cé is moite díobh siúd a luaitear i míreanna (2) agus (3) de, agus gan difear a dhéanamh do thionscadail lena maoinítear tacaíocht ón earnáil phríobháideach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

▼ **M26***Airteagal 2n*

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

▼ **M29**

- (a) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagail 2h, 2i, 2j, 2y nó a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn V;

▼ **M26**

- (b) aon duine, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach eile;

▼ M26

- (c) aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhithin nó thar ceann duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b).

▼ M28*Airteagal 2o*

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:
 - (a) táirgí adhmaid a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:
 - (i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó
 - (ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;
 - (b) táirgí adhmaid dá dtagraítear i bpointe (a) atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
 - (c) táirgí adhmaid dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;
 - (d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).
2. Na toirmisc i mír 1, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí 4 Meitheamh 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh 2 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.
3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2p

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:
 - (a) táirgí stroighne a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:
 - (i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó
 - (ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;
 - (b) táirgí stroighne dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
 - (c) táirgí stroighne dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;
 - (d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M28

2. Na toirmisc i mír 1, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí 4 Meitheamh 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh 2 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2q

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) táirgí iarainn agus cruach a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:
 - (i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó
 - (ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;
- (b) táirgí iarainn agus cruach dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
- (c) táirgí iarainn agus cruach dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;
- (d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

2. Na toirmisc i mír 1, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí an 4 Meitheamh 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 2 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2r

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) táirgí rubair a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:
 - (i) gur de thionscnamh na Bealarúise iad; nó
 - (ii) gur onnmhairíodh ón mBealarúis iad;
- (b) táirgí rubair dá dtagraítear i bpointe (a), atá suite sa Bhealarúis nó ar de thionscnamh na Bealarúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
- (c) táirgí rubair dá dtagraítear i bpointe (a) a iompar más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón mBealarúis go dtí aon tír eile;
- (d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b) agus (c).

▼M28

2. Na toirmisc i mír 1, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí an 4 Meitheamh 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 2 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 2s

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) innealra áirithe a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, biodh an t-innealta sin de thionscnamh an Aontais nó ná biodh, le haon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;
- (b) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus ath-árachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointe (a).

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hinnealra a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;
- (c) úsáid shealadach ag na meáin nuachta;
- (d) nuashonruithe bogearraí;
- (e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí;
- (f) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin; nó
- (g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht an ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

Cé is moite de phointí (f) agus (g), dearbhóidh an t-onnmhaireoir ina dhearbhuú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo, agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe faoi chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá ón gcéad onnmhairiú sin.

3. Na toirmisc i mír 1, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí an 4 Meitheamh 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 2 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

▼ **M28**

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M36***Airteagal 2sa*

125.	Mikhail Safarbekovich GUTSERIEV	Микаил (Михаил) Сафарбекович ГУЦЕРИЕВ	Post/Poist: Fear gnó, scairshealbhóir agus cathaoirleach bhord feidhmeannach Slavkali cathaoirleach bhord stiúthóirí agus scairshealbhóir de chuid JSC Mospromstroï, Industrial Financial Group Safmar JSC, LLC Proekt Grad. Comhalta de bhord stiúthóirí agus scairshealbhóir JSC NKNeftisa ► C5 Dáta breithe: 9.3.1958 ◀ Áit bhreithe: Akmolinsk, iarUSSR (Kazakhstan anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fear gnó Rúiseach mór le rá é Mikhail Gutseriev, agus leasanna gnó aige sa Bhealarúis in earnáil an fhuinnimh, earnáil na potaise, earnáil an fháilteachais agus in earnálacha eile. Tá seanaithne aige ar Aliaksandr Lukashenka agus a bhuí leis an nasc sin, charnaigh sé saibhreas suntasach agus tá sé in ann tionchar a imirt i measc scothaicme pholaitiúil na Bealarúise. Ba é Safmar, cuideachta a bhí á rialú ag Gutseriev, an t-aon ghnólacht ola Rúiseach a lean d'ola a sholáthar do scaglanna na Bealarúise le linn na géarchéime fuinnimh idir an Bhealarúis agus an Rúis go luath in 2020. Thacaigh Gutseriev le Lukashenka i ndíospóidí leis an Rúis faoi sheachadtaí ola freisin. Bhí Gutseriev ina chathaoirleach ar bhord stiúthóirí cuideachta Slavkali agus ina scairshealbhóir i gcuideachta Slavkali, comhlacht é a bhfuil an mhonarcha mianadóireachta agus próiseála clóiríde potaisiam, Nezhinsky, á tógáil aige bunaithe ar fhosú salainn potaise, Starobinsky, gar do Lyuban. Is í an infheistíocht is mó atá déanta sa Bhealarúis, infheistíocht dar luach USD 2 bhilliún. Gheall Lukashenka go n-athbhaistfí baile Lyuban 'Gutserievsk' in ómós dó.	21.6.2021
------	------------------------------------	---	---	---	-----------

▼ M34

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				I measc na ngnóthaí eile a bhí aige sa Bhealarúis, bhí stáisiún pheitрил agus iostaí ola, óstán, lárionad gnó agus críochfort aerfoirt i Mionsc. Chosain Lukashenka Gutseriev nuair a tionscnaíodh imscrúdú coiriúil ina choinne sa Rúis. Ghabh Lukashenka buíochas le Gutseriev freisin as na rannchuidithe airgeadais le carthanacht agus as na billiúin dollar a infheistiú sa Bhealarúis. Tuairiscítear gur thug Gutseriev bronntanais ghalánta do Lukashenka. Dhearbhaigh Gutseriev freisin gurb úinéir d'áit chónaithe ar le Lukashenka de facto i, agus eisean á cheilt dá bharr nuair a thosaigh iriseoirí ag imscrúdú sócmhainní Lukashenka. D'fhreastail Gutseriev ar oirmiú rúnda Lukashenka an 23 Meán Fómhair 2020. I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí Lukashenka agus Gutseriev araon i láthair ag oscailt eaglaise ceartchreidmí a ndearna Gutseriev urraíocht uirthi. De réir na dtuairiscí ó na meáin, nuair a tugadh bata agus bóthar d'fhostaithe sna meáin faoi úinéireacht stáit na Bealarúise i mí Lúnasa 2020, cuireadh oibrithe sna meáin Rúiseacha ar eitleán de chuid Gutseriev chun áit na n-oibrithe ar tugadh bata agus bóthair dóibh, agus tugadh lóistín dóibh in Minsk Renaissance Hotel, ar le Gutseriev é. Chuidigh Gutseriev le scanóirí CT a fháil don Bhealarúis le linn ghéarchéim COVID-19. Dá bhrí sin, tá Mikhail Gutseriev ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas.	
▼ M21	126. Aliaksey Ivanavich ALEKSIN Alexei Ivanovich OLEKSIN	Аляксей Іванавіч АЛЕКСІН Алексей Иванович ОЛЕКСИН	Fear gnó, comhúinéir Bremino Group, Dáta breithe: Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Aliaksei Aleksin ar dhuine de na príomhfhir ghnó atá ag feidhmiú sa Bhealarúis, agus leasanna gnó aige in earnáil na hola agus earnáil an fhuinnimh, réadmhaoin, an fhorbairt, an lóistíocht, tobac, miondiol, airgeadas agus in earnálacha eile. Tá dlúthchaidreamh aige le Aliaksandr Lukashenka agus lena mhac, agus National Security Advisor roimhe seo, Viktor Lukashenka. Tá sé gníomhach sa biker movement [gluaiseacht na ngluaisrothaithe] sa Bhealarúis, caitheamh aimsire atá aige féin agus Viktor Lukashenka. Tá réadmhaoin ag a chuideachta in 'Alexandria 2' (Mogilev region), nó an 'presidential residence' mar is fearr aithne ar an réadmhaoin sin, áit a mbíonn Aliaksandr Lukashenka ina chuairteoir rialta ann.	21.6.2021

▼ **M21**

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Is comhúinéir é ar ‘Bremino Group’- tionscnóir agus comhriarthóir an Bremino-Orsha special economic zone project, a cruthaíodh le foraithe ón uachtarán arna shíniú ag Aliaksandr Lukashenko. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an Bremino-Orsha zone a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Fuair Aleksin agus úinéirí eile ar Bremino Group tacaíocht ó Viktor Lukashenka. Tugadh pribhléidí eisiacha do ‘Inter Tobacco’ agus ‘Energo-Oil’, cuideachtaí ar Aleksin agus dlúthbhaill dá theaghlach iad, chun táirgí tobac a allmhairiú chun na Bealarúise, bunaithe ar fhóraithe a shínigh Aliaksandr Lukashenka, agus tugadh tacaíocht stáit dóibh chun bothanna Tabakierka a chruthú. Tuairiscítear go raibh baint aige le bunú na chéad chuideachta míleata priobháidí le faomhadh ón rialtas sa Bhealarúis, ‘GardServis’, agus gaol aici, ceaptar, le struchtúr slándála na Bealarúise. Tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	

▼ **M27**

127.	Aliaksandr Mikalaevich ZAITSAU Alexander (Alexandr) Nikolaevich ZAITSEV	Аляксандр Мікалаевіч ЗАЙЦАЎ Александр Николаевич ЗАЙЦЕВ	Post/Poist: Fear gnó, comhúinéir Bremino Group agus Sohra Group Dáta breithe: 22.11.1976 Áit bhreithe: Ruzhany, Brest Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is iarchuntóir é Aliaksandr Zaitsau le Viktor Lukashenka, mac, agus Adviser on National Security roimhe seo, le Aliaksandr Lukashenka. Tríd an teacht atá aige ar theaghlach Lukashenka, faigheann Zaitsau conarthaí mórbrabúis dá gnóthaí. Bhí dlúthbhaint aige le Sohra Group, ar deonaíodh an ceart dó táirgeadh na bhfiontar faoi úinéireacht an stáit a onnmhairiú (tarracóirí agus leoraithe) chuig tíortha na Murascaille agus na hAfraice. Tá sé ina chomhúinéir agus ina chathaoirleach ar Chomhairle rannpháirtithe Bremino Group freisin. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an crios Bremino-Orsha a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Fuair Zaitsau agus úinéirí eile ar Bremino Group tacaíocht ó Viktor Lukashenka. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis an réimeas.	21.6.2021
------	---	---	---	---	-----------

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
128.	Ivan Branislavavich MYSLITSKI Ivan Bronislavovich MYSLITSKIY	Іван Браніслававіч МЫСЛІЦКІ Иван Брониславович МЫСЛИЦКИЙ	First Deputy Head of the Penal Correction Department Of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 23.10.1976 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar First Deputy Head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, ag a bhfuil údarás ar shaoráidí coinneála, tá Ivan Myslitski freagrach as an íde mhídhaoonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenko chuig oifigigh an Interior Ministry. Sa phost sin dó, tá sé freagrach as na dálaí coinneála sna príosúin sa Bhealarúis, lena n-áirítear na príosúnaigh a chatagóiríú de réir chineálacha difriúla drochíde agus céasta a thugtar dóibh, amhail íde béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh agus céasadh brúidiúil. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M34

129.	Aleh Mikalaevich, BELIAKOU Oleg Nikolaevich BELIAKOV	Алег Мікалаевіч БЕЛЯКОЎ Олег Николаевич БЕЛЯКОВ	Post: Ceannaire ar Department of ideological work and personnel support ag an Ministry of Internal Affairs of Belarus, iar-Leas-Cheannaire ar an Penal Correction Department den Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheannaire den Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, a bhfuil údarás aici ar shaoráidí coinneála, bhí Aleh Beliakou freagrach as an íde mhídhaoonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenko chuig oifigigh an Interior Ministry. Ina phost, tá sé freagrach as na dálaí coinneála sna príosúin sa Bhealarúis, lena n-áirítear príosúnaigh a chatagóiríú, a fhreagraíonn do na chineálacha eagsúla drochíde agus céasta a thugtar dóibh, amhail íde béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh agus céasadh brúidiúil. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheannaire den Department of ideological work and personnel support den Ministry of Internal Affairs of Belarus.	21.6.2021
------	---	--	---	---	-----------

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
130.	Uladzislau Aliakseevich MANDRYK Vladislav Alekseevich MANDRIK	Уладзіслаў Аляксеевіч МАНДРЫК Владислав Алексеевич МАНДРИК	Deputy Head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 4.7.1971 Áit bhreithe: Cárta aitheantais náisiúnta: 3040771A125PB2; Pas: MP3810311. Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Deputy Head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, ag a bhfuil údarás ar shaoráidí coinneála, tá Uladzislau Mandryk freagrach as an ide mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenko chuig oifigigh an Interior Ministry. Sa phost sin dó, tá sé freagrach as na dálaí coinneála sna príosúin sa Bhealarúis, lena n-áirítear na príosúnaigh a chatagóiriú de réir an chineáil dhifriúil drochíde agus céasta a thugtar dóibh, amhail ide béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh, céasadh brúidiúil. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
131.	Andrei Mikalaevich DAILIDA Andrei Nikolaevich DAILIDA	Андрэй Мікалаевіч ДАЙЛИДА Андрей Николаевич ДАЙЛИДА	Post: Ceannaire Rear Support Department ag Ministry of Internal Affairs of Belarus, iar-Leas-Cheannaire ar an Penal Correction Department den Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 01.7.1974 Áit bhreithe: Pas: KH2133825 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Leascheannaire den Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, ag a bhfuil údarás ar shaoráidí coinneála, bhí Andrei Dailida freagrach as an ide mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenko chuig oifigigh an Interior Ministry. Ina phost, tá sé freagrach as na dálaí coinneála sna príosúin sa Bhealarúis, lena n-áirítear príosúnaigh a chatagóiriú, a fhreagraíonn do chineálacha éagsúla drochíde agus céasta a thugtar dóibh, amhail ide béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh, céasadh brúidiúil. As ucht a chuid oibre mar Deputy head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, fuair sé, i mí na Nollag 2020, Suaitheantas an Uachtaráin as seirbhís don Mháthairthír agus bhain sé tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021

▼ M34

▼ M34

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheannaire Rear Support Department ag Ministry of Internal Affairs of Belarus.	

▼ M21

132.	Aleh Mikalaevich LASHCHYNOUSKI Oleg Nikolaevich LASHCHINOVSKI	Алег Мікалаевіч ЛАШЧЫНОЎСКИ Олег Николаевич ЛАЩИНОВСКИЙ	Former Deputy Head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 12.5.1963 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Deputy Head of the Penal Correction Department of the Ministry of Internal Affairs, ag a bhfuil údarás ar shaoráidí coinneála, bhí Aleh Lashchynouski freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenko chuig oifigigh an Interior Ministry. Sa phost a bhí aige, tá sé freagrach as na dálaí sna príosúin sa Bhealarúis agus as na bearta diansmachta a glacadh iontu, lena n-áirítear na príosúnaigh a chatagóiriú de réir chineálacha difriúla drochíde agus céasta a thugtar ar na cimithe, amhail íde béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh agus céasadh brúidiúil. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
133.	Zhana Uladzimirauna BATURYTSKAIA Zhanna Vladimirovna BATURITSKAYA	Жана Уладзіміраўна БАТУРЫЦКАЯ Жанна Владимировна БАТУРИЦКАЯ	Ceann an Directorate of Sentence Enforcement of the Penal Correction Department sa Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 20.4.1972 Áit bhreithe: Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cáil mar Cheann an Directorate of Sentence Enforcement of the Penal Correction Department sa Ministry of Internal Affairs, ag a bhfuil údarás ar shaoráidí coinneála, tá Zhana Baturitskaia freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sna saoráidí coinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, i gcomhréir le haitheasc Lukashenka chuig oifigigh an Interior Ministry.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Sa cháil sin di, tá sí freagrach as na dálaí coinneála sna príosúin sa Bhealarúis, lena n-áirítear na príosúnaigh a chatagóiriú de réir an chineáil dhifriúil drochíde agus céasta a thugtar ar na cimithe, amhail íde béil, leithlisiú pionósach, gan glaonna nó cuairteanna a cheadú, ciorrú, greadadh, céasadh brúidiúil. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	
134.	Dzmitry Mikalaevich STREBKOU Dmitry Nikolaevich STREBKOV	Дзмітрый Мікалаевіч СТРЕБКОЎ Дмитрий Николаевич СТРЕБКОВ	Ceann Prison No. 8 in Zhodino Dáta breithe: 19.3.1977 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann Prison No. 8 in Zhodino, tá Dzmitry Strebkou freagrach as na coinníollacha uafásacha san ionad coinneála agus as an íde mhídhaoonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin, lena n-áirítear san ionad coinneála sealadach, i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
135.	Yauhen Andreevich SHAPETSKA Evgeniy Andreevich SHAPETKO	Яўген Андрэевіч ШАПЕЦЬКА Евгений Андреевич ШАПЕТЬКО	Ceann an Akrestina isolation centre for offenders Dáta breithe: 30.3.1989 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Akrestina Isolation Centre for Offenders, tá Yauhen Shapetska freagrach as na coinníollacha uafásacha san ionad leithlisithe agus as an íde mhídhaoonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin, i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
136.	Ihar Ryhoravich KENIUKH Igor Grigorevich KENIUKH	Ігар Рыгоравіч КЕНЮХ Игорь Григорьевич КЕНЮХ	Ceann an Akrestina Temporary Detention Centre Dáta breithe: 21.1.1980 Áit bhreithe: Gomel Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Akrestina Temporary Detention Centre, tá Ihar Keniukh freagrach as na coinníollacha uafásacha agus as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear greadadh agus céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Chuir sé brú ar an bhfoireann leighis dochtúirí a bhí báuil leis na hagóideoirí a bhriseadh as a bpost. De réir fianaise ó chuid mhór ban atá sa tuarascáil <i>Her Rights</i> [A Cearta], ón Centre for Promotion of Women's Rights, is san ionad coinneála in Akrestina i Mionsc a tugadh an íde ba mheasa, áit a raibh póilíní OMON thar a bheith cruálach agus ina raibh daoine á gcéasadh acu. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
137.	Hleb Uladzimiravich DRYL Gleb Vladimirovich DRIL	Глеб Уладзіміравіч ДРЬЛЬ Глеб Владимирович ДРИЛЬ	Leas-Cheann an Akrestina Temporary Detention Centre Dáta breithe: 12.5.1980 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Akrestina Temporary Detention Centre, tá Hleb Dryl freagrach as na coinníollacha uafásacha agus as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear greadadh agus céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. De réir na fianaise ó fhinnéithe, tugadh drochléasadh do chuid de na mná a coinníodh sna hionaid choinneála an 9-12 Lúnasa 2020. De réir fianaise ó chuid mhór ban atá sa tuarascáil <i>Her Rights</i> [A Cearta], ón Centre for Promotion of Women's Rights, is san ionad coinneála in Akrestina i Mionsc a tugadh an íde ba mheasa, áit a raibh póilíní OMON thar a bheith cruálach agus ina raibh daoine á gcéasadh acu. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
138.	Uladzimir Iosifavich LAPYR Vladimir Yosifovich LAPYR	Уладзімір Іосіфавіч ЛАПЫР Владимир Иосифович ЛАПЫРЬ	Leas-Cheann an Akrestina Temporary Detention Centre Dáta breithe: 21.8.1977 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Akrestina Temporary Detention Centre, tá Uladzimir Lapyr freagrach as na coinniollacha uafásacha agus as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear greadadh agus céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. De réir fianaise ó chuid mhór ban atá sa tuarascáil <i>Her Rights</i> [A Cearta], ón Centre for Promotion of Women's Rights, is san ionad coinneála in Akrestina i Mionsc a tugadh an íde ba mheasa, áit a raibh póilíní OMON thar a bheith cruálach agus ina raibh daoine á gcéasadh acu. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
139.	Aliaksandr Uladzimiravich VASILIUK Alexander (Alexandr) Vladimirovich VASILIUK	Аляксандр Уладзіміравіч ВАСІЛЮК Александр Владимирович ВАСИЛЮК	Ceann an Investigation team of the Investigative Committee Dáta breithe: 8.5.1975 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Investigation team of the Investigative Committee of Belarus, tá Aliaksandr Vasiliuk freagrach as ionchúisimh agus coinneáil arna spreagadh go polaitiúil, go háirithe, i ndáil le comhaltaí an fhreasúra sa Coordination Council, lena n-áirítear an ceannaire freasúra na Bealarúis, Mariya Kalesnikava, a measann eagraíochtaí um chearta an duine gur príosúnach polaitiúil í. Is é atá freagrach as roinnt ionadaithe de chuid na meán sa fhreasúra a choinneáil freisin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
140.	Yauhen Anatolevich ARKHIREEV Evgeniy Anatolevich ARKHIREEV	Яўген Анатольевіч АРХІРЭЎ Евгений Анатольевич АРХИРЕЕВ	Ceann an Main Investigation Department, Central Office of Investigative Committee Dáta breithe: 1.7.1977 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Main Investigation Department of the Investigative Committee of Belarus, tá Yauhen Arkhireev freagrach as imeachtaí coiriúla arna spreagadh go polaitiúil a thionscnamh agus a imscrúdú, go háirithe, i ndáil le comhaltaí an fhreasúra sa Coordination Council, agus agóideoirí eile. Is é is aidhm d'imscrúdaithe den chineál sin imeagla a chur ar agóideoirí agus coir a dhéanamh as páirt a ghlacadh in agóidí síochánta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
141.	Aliaksei Iharavich KAURYZHKIN Alexey Igorovich KOVRYZHKIN	Аляксей Ігаравіч КАЎРЫЖКІН Алексей Игоревич КОВРИЖКИН	Ceann an Investigation Team, Main Investigation Department, Investigative Committee Dáta breithe: 3.11.1981 Áit bhreithe: Bobruisk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Investigation Team of the Investigative Committee of Belarus, tá Aliaksei Kauryzhkin freagrach as ionchúisimh agus coinneáil dar siocair an pholaitíocht, go háirithe, i ndáil le baill d'fhoireann fheachtas uachtaránachta Viktor Babarika agus le comhaltaí den Coordination Council, lena n-áirítear an dlíodóir Maksim Znak, a measann eagraíochtaí um chearta an duine gur príosúnach polaitiúil é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
142.	Aliaksandr Dzmitryevich AHAFONAU Alexander (Alexandr) Dmitrievich AGAFONOV	Аляксандр Дзмітрыевіч АГАФОНАЎ Александр Дмитриевич АГАФОНОВ	Céad Leas-Cheann an Main Investigation Department, Investigative Committee Dáta breithe: 13.3.1982 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Chéad Leas-Cheann an Main Investigation Department of the Investigative Committee of Belarus, tá Aliaksandr Ahafonau freagrach as an iarrthóir don uachtaránacht, Siarhei Tsikhanousky – gníomhaí sa fhreasúra agus fear céile an iarrthóra don uachtaránacht, Svetlana Tsikhanouskaya – agus gníomhaithe polaitiúla eile, lena n-áirítear Mikalai Statkevich agus Dzmitry Kazlou, a ionchúiseamh agus a ghabháil ar chúiseanna polaitiúla. Aithníonn Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, Siarhei Tsikhanousky, Dzmitry Kazlou, agus Mikalai Statkevich mar phríosúnaigh pholaitiúla. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
143.	Kanstantsin Fiodaravich BYCHAK Konstantin Fedorovich BYCHEK	Канстанцін Фёдаравіч БЫЧАК Константин Фёдорович БЫЧЕК	Ceann an Division of the KGB Investigation Department Dáta breithe: 20.9.1985 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Division of the KGB Investigation Department, rinne Kanstantin Bychak maoirseacht ar an imscrúdú dar siocair an pholaitíocht ar an iarrthóir don uachtaránacht, Viktor Babarika. Dhiúltaigh an Central Election Commission iarrthóireacht Babarika. Bunaíodh an cinneadh sin ar thuarascáil ó KGB agus ar ráitis oifigiúla teilifíse a rinne Bychak ina ndúradh go raibh Babarika ciontach as sciúradh airgid agus na himscrúduithe fós á ndéanamh.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				An 26 Deireadh Fómhair 2020, bhagair Bychak agóideoirí síochánta ar theilifís an rialtais trína rá go ndéanfaí a ngníomhaíochtaí a aicmiú mar ghníomhartha sceimhlitheoireachta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach agus ar an sochaí dhaonlathach.	

▼ M27

144.	Andrei Siarheevich BAKACH Andrei Sergeevich BAKACH	Андрэй Сяргеевіч БАКАЧ Андрей Сергеевич БАКАЧ	Post/Poist: IarCheann an Zavodskoy District Police Department of Minsk An Chéad Leas-Cheann ar Internal Affairs Directorate den Grodno/Hrodna Regional Executive Committee. Dáta breithe: 19.11.1983 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Cheann an Department of Internal Affairs of the Pervomaysky District Administration of Minsk, bhí Andrei Bakach freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí póilíneachta sa mhaighean phóilíneachta seo agus as an méid a tharlaíonn i stáisiún na bpóilíní. Agus é mar Cheann, tugadh ide chruálach mhídhonna tháireach ar agóideoirí síochánta i Mionsc sa stáisiún póilíneachta a bhí faoina smacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Tá sé gníomhach i gcónaí i réimeas Lukashenka mar an Chéad Leas-Cheann ar Internal Affairs Directorate den Grodno/Hrodna Regional Executive Committee.	21.6.2021
------	--	---	---	---	-----------

▼ M21

145.	Aliaksandr Uladzimiravich, PALULEKH Aleksandr Vladimirovich POLULEKH	Аляксандр Уладзіміравіч ПАЛУЛЕХ Александр Владимирович ПОЛУЛЕХ	Ceann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 25.6.1979 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Internal Affairs Directorate of the Frunzensky District Administration of Minsk, tá Aliaksandr Palulekh freagrach as cos ar bolg a rinne na fórsaí póilíneachta sa cheantar seo ar agóideoirí síochánta i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe droch-íde, lena n-áirítear céasadh, a thabhairt ar agóideoirí síochánta a coinníodh sa stáisiún póilíneachta a bhí faoina smacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
------	--	--	---	---	-----------

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
146.	Aliaksandr Aliaksandravich ZAKHVITSEVICH Aleksandr Aleksandrovich ZAKHVITSEVICH	Аляксандр Аляксандравіч ЗАХВІЦЭВІЧ Александр Александрович ЗАХВИЦЕВИЧ	Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 1.1.1977 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk, déanann Aliaksandr Zakhvitsevich maoirseacht ar an Public Security Police agus tá sé freagrach as an idé mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh i gCeantar Frunzenskiy i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020 agus as an gcníogbheartaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta sa cheantar sin. Chéas oifigigh faoi mhaoirseacht Zakhvitsevich na cimithe. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
147.	Siarhei Uladzimiravich USHAKOU Sergei Vladimirovich USHAKOV	Сяргей Уладзіміравіч УШАКОЎ Сергей Владимирович УШАКОВ	Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 22.8.1980 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk, a mhaoirseacht na póilíní coiriúla, tá Siarhei Ushakou freagrach as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach, go háirithe an idé mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a coinníodh i gCeantar Frunzenskiy i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020 agus as an gcníogbheartaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta. Chéas oifigigh faoi mhaoirseacht dhíreach Ushakou cimithe. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
148.	Siarhei Piatrovich ARTSIOMENKA Sergei Petrovich ARTEMENKO / ARTIOMENKO	Сяргей Пятровіч АРЦЁМЕНКА Сергей Петрович АРТЁМЕНКО	Leas-Cheann Pervomaisky Police District in Minsk Dáta breithe: 26.3.1973 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Pervomaisky Police District in Minsk, déanann Sergei Artemenko maoirseacht ar an public security police agus tá sé freagrach as an idé mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a thug fo-oifigigh dá chuid do shaoránaigh a coinníodh in Pervomaiskiy District Police Department of Minsk i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020 agus as an gceanglaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta. Sampla amháin is ea an drochíde a tugadh do Maksim Haroshin, úinéir siopa bláthanna, a gabhadh tar éis bláthanna a thabhairt do rannpháirtithe ar mhórshuíl na mban an 13 Deireadh Fómhair 2020. Chuir Artemenko brú ar na saoránaigh gan bheith rannpháirteach i léirsithe síochánta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
149.	Aliaksandr Mikhailavich RYDZETSKI Aleksandr Mikhailovich RIDETSKIY	Аляксандр Міхайлавіч РЫДЗЕЦКІ Александр Михайлович РИДЕЦКИЙ	Iar-Cheann an Oktyabrskiy District Police Department of Minsk, Ceann an Directorate of internal security of the State Forensic Examination Committee Dáta breithe: 14.8.1978 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Cheann an Oktyabrsky District Police Department of Minsk, bhí Aliaksandr Rydzetski freagrach as an idé mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a thug a fhoifigigh do shaoránaigh a coinníodh sa dúiche sin i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
150.	Dzmitry Iauhenevich BURDZIUK Dmitry Evgenevich BURDIUK	Дзмітрый Яўгеневіч БУРДЗЮК Дмитрий Евгеньевич БУРДИУК	Ceann an Oktyabrsky District Police Department, Iar-Cheann an Partizanski District Police Department of Minsk Dáta breithe: 31.1.1980 Áit bhreithe: Brest region, iarUSSR (Belarus anois)	Sa phost a bhí aige mar Cheann an Partizanski District Police Department of Minsk, bhí Dzmitry Burdziuk freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghreadadh uafásach agus céasadh na n-agóideoirí síochánta agus na ndaoine ar an láthair i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. I mí na Nollag 2020 ceapadh é ina Cheann ar an Oktyabrsky District Police Department.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
			Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantas pearsanta: 3310180C009PB7 Pasuimhir: MP3567896	Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	
151.	Vital Vitalevich KAPILEVICH Vitaliy Vitalevich KAPILEVICH	Віталь Віталевіч КАПІЛЕВІЧ Виталий Витальевич КАПИЛЕВИЧ	Ceann an Leninsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 26.11.1988 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Leninsky District Police Department of Minsk, tá Vital Kapilevich freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in Leninsky District Police Department. Diúltaíodh cabhair leighis do na cimithe; rinneadh imeaglú ar na paraimhíochaineoirí a tháinig chun na Roinne le go gcuirfí cosc ar chúnamh leighis a sholáthar do na cimi. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021
152.	Kiryl Stanislavavich KISLOU Kirill Stanislavovich KISLOV	Кірыл Станіслававіч КІСЛОЎ Кирилл Станиславович КИСЛОВ	Ceann an Zavodsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 2.1.1979 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Zavodsky District Police Department of Minsk, tá Kiryl Kislou freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an stáisiúin póilíneachta sin. Tá sé freagrach freisin as an méid mór cos ar bolg a imríodh ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair, rud a chuir a fho-oifigigh i gcrích. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
153.	Siarhei Aliaksandravich VAREIKA Sergey Aleksandrovich VAREIKO	Сяргей Аляксандравіч ВАРЭЙКА Сергей Александрович ВАРЕЙКО	Ceann an Moskovski District Police Department of Minsk, iarLeas-Cheann an Zavodsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 1.2.1980 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheann an Zavodsky District Police, tá Siarhei Vareika freagrach as an idé mhídhaoonna agus tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh atá á gcoinneáil ar áitreabh an Zavodsky District Police Department tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach a bhí páirteach sa chos ar bolg a bhí á himirt go forleathan ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair. An 21 Nollaig 2020 ceapadh é ina Cheann ar an Moskovsky District Police Department of Minsk. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	21.6.2021
154.	Siarhei Feliksavich DUBAVIK Sergey Feliksovich DUBOVIK	Сяргей Феліксавіч ДУБАВІК Сергей Феликсович ДУБОВИК	Leas-Cheann an Leninsky District Police Department Dáta breithe: 1.2.1974 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Leninsky District Police Department of Minsk, tá Siarhei Dubavik freagrach as an idé mhídhaoonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an Leninsky District Police Department i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Diúltaíodh cabhair leighis do na cimithe; rinneadh imeaglú ar na paraimhíochai-neoirí a tháinig chun na Roinne le go gcuirfí cosc ar chúnamh leighis a sholáthar do na cimithe. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a fho-oifigeach a bhí páirteach sa chos ar bolg a bhí á himirt go forleathan ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
155.	Aliaksandr Mechyslavavich ANDRYEUSKI Alexander (Alexandr) Mechislavovich ANDRIEVSKII	Аляксандр Мечыслававіч АНДРЫЕЎСКИ Александр Мечиславович АНДРИЕВСКИЙ	Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 29.4.1982 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Leas-Cheann an Frunzensky District Police Department in Minsk, tá Aleksandr Andryeuski freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a rinneadh ar shaoránaigh a coinníodh in áitreabh an Frunzensky District Police Department i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Bhí na cimi ina seasamh ar a nglúine agus a gcloigne fúthu ar feadh uaireanta an chloig, buaileadh go brúidiúil iad, agus buaileadh le <i>taser</i> iad. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
156.	Vital Mikhailavich MAKRYTSKI Vitalii Mikhailavich MAKRITSKII	Віталь Міхайлавіч МАКРЫЦКІ Виталий Михайлович МАКРИЦКИЙ	Leas-Cheann Oktyabrsky District Police Department of Minsk (go dtí Nollaig 17 2020). Ón 17 Nollaig 2020 - Ceann an Partizanski District Police Department of Minsk Dáta breithe: 17.2.1975 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar cheann an Oktyabrsky District Police Department of Minsk, bhí Vital Makrytski freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghreadadh uafásach agus céasadh na n-agóideoirí síochánta agus na ndaoine ar an láthair a coinníodh ar áitreabh na roinne póilíneachta sin, i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. I mí na Nollag 2020, tugadh ardú céime dó go ndearnadh de Ceann an Partizanski District Police Department of Minsk. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
157.	Yauhen Aliakseevich URUBLEUSKI Evgenii Alekseevich VRUBLEVSKII	Яўген Аляксеевіч УРУБЛЕЎСКИ Евгений-Алексеевич ВРУБЛЕВСКИЙ	Sáirsint Sinsearach Póilíneachta an Akrestina Offenders' Isolation Centre Dáta breithe: 28.1 1966 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar sháirsint sinsearach póilíneachta an Akrestina Offenders' Isolation Centre. Tá Yauhen Urubleuski freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a rinneadh ar shaoránaigh a coinníodh in Ionad Coinneála na gCiontóirí. De réir finnéithe agus tuarascálacha na meán, bhí sé páirteach go pearsanta i ngreadadh brúidiúil na saoránach a coinníodh i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	21.6.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
158.	Mikalai Mikalaevich KARPIANKAU Nikolai Nikolaevich KARPENKOV	Мікалай Мікалаевіч КАРПЯНКОЎ Николай Николаевич КАРПЕНКОВ	Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha, Iar-Cheann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 6.9.1968 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption of the Ministry of Internal Affairs, tá Mikalai Karpiankau freagrach as an íde mhídhaoonna tháireach a tugadh do shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus as a ngabháil threallach agus a gcoinneáil. Léirítear fianaise go leor, idir grianghraif agus fiscanna, gur thug an grúpa faoina cheannas léasadh d'agóideoirí síochánta, gur ghabh an grúpa iad agus gur bhagair sé iad le hairm thine. An 6 Meán Fómhair 2020, rinneadh Karpiankou a thaifeadh agus é ag briseadh doras gloine ina smidiríní le smachtín ag caifé fad a bhí agóideoirí síochánta i bhfolach ann agus é á gcoinneáil go brúidiúil. Foilsíodh taifead ina ndúirt sé go n-úsáidfeadh a roinn airm thine i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
159.	Mikhail Viachaslavavich HRYB Mikhail Viacheslavovich GRIB	Міхаіл Вячаслававіч ГРЫБ Михаил Вячеславович ГРИБ	Ceann an Main Department of Internal Affairs of the Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 29.7.1980 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Bhí Mikhail Hryb ina Cheann ar an Department of Internal Affairs sa Vitebsk Regional Executive Committee ó Mhí an Mhárta 2019 go Mí Dheireadh Fómhair 2020, agus ceapadh é ina dhiaidh sin ina Cheann ar an Main Department of Internal Affairs of the Minsk city Executive Committee agus sannadh an teideal maorghinearál sa militia (fórsa póilíneachta) dó. Sa cháil sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí póilíneachta, in Vitebsk region go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i Mionsc tar éis mhí Dheireadh Fómhair 2020, lena n-áirítear cos ar bolg foréigneach ar agóideoirí síochánta, agus sárúithe ar an gceart chun comhthionóil shíochánta agus chun saoirse cainte, a rinne na fórsaí póilíneachta in Vitebsk agus Mionsc, tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
160.	Viktar Genadzevich KHRENIN Viktor Gennadievich KHRENIN	Віктар Генадзевіч ХРЭНІН Виктор Геннадиевич ХРЕНИН	An tAire Cosanta Dáta breithe: 1.8.1971 Áit bhreithe: Navahrudak/ Novogrudok, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Leifteanant-Ghinearál Pasuimhir BY: KH2594621 Aitheantas pearsanta: 3010871K003PB1	Ina cháil mar Aire Cosanta na Bealarúise ón 20 Eanáir 2020, tá Viktar Khrenin freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá roinnt ráiteas poiblí déanta aige á dhearbhu go raibh sé réidh chun an t-arm a úsáid i gcoinne agóideoirí síochánta i mí Lúnasa 2020. Ina theannta sin, chuir sé i gcomórtas le cuiditheoirí na Naitsíoch iad as an úsáid a bhain siad as an mbratach stairiúil bán/dearg/bán. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
161.	Ihar Uladzimiravich HOLUB Igor Vladimirovich GOLUB	Ігар Уладзіміравіч ГОЛУБ Игорь Владимирович ГОЛУБ	Ceannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha Dáta breithe: 19.11.1967 Áit bhreithe: Chernigov, Chernigovskaya oblast, iarUSSR (Ukraine anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Maor-Ghinearál Pasuimhir BY: KH2187962 Aitheantas pearsanta: 3191167E003PB1	Ina cháil mar Cheannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha sa Bhealarúis, tá Ihar Holub freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tar éis na heachtra, rinne Ihar Holub preasráitis in éineacht le Artem Sikorsky, Stiúrthóir na Roinne Eitlíochta Iompair in Aireacht Iompair na Bealarúise, agus thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	
162.	Andrei Mikalaevich GURTSEVICH Andrei Nikolaevich GURTSEVICH	Андрэй Мікалаевіч ГУРЦЕВІЧ Андрей Николаевич ГУРЦЕВІЧ	Ceann na Príomhghoirne, an Chéad Leas-Cheannasaí ar an Aerfhórsa Dáta breithe: 27.7.1971 Áit bhreithe: Baranovich, Brest Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Maor-Ghinearál Pasuimhir BY: MP3849920 Aitheantas pearsanta: 3270771C016PB2	Ina cháil mar Cheann na Príomhghoirne agus Chéad Leas-Cheannasaí an Aerfhórsa agus Óglaigh na hAerchosanta de chuid na bhFórsaí Armtha sa Bhealarúis, tá Andrei Gurtsevich freagrach as an gcinneadh a rinne Ceannasaíocht na nAerfhórsaí agus Óglaigh na hAerchosanta, ar threoracha Lukashenka, aerárthaí míleata a sheoladh an 23 Bealtaine 2021 chun an tuirlingt éigeantais ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionsc a thionlacan gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tar éis na heachtra, rinne sé preasráitis inar thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Bhealarúis, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
163.	Leonid Mikalaevich CHURO Leonid Nikolaevich CHURO	Леанід Мікалаевіч ЧУРО Леонид Николаевич ЧУРО	Ard-Stiúrthóir BELAERONAVIGATSIA, fiontar de chuid an Stáit Dáta breithe: 8.7.1956 Áit bhreithe: Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: P4289481	Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar BELAERONAVIGATSIA, tá Leonid Churo freagrach as rialú aerthráchta na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
			Aitheantas pearsanta: 3080756A068PB5	Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	
164.	Aliaksei Mikalaevich AURAMENKA Alexey Nikolaevich AVRAMENKO	Аляксей Мікалаевіч АЎРАМЕНКА Алексей Николаевич АВРАМЕНКО	An tAire Iompair agus Cumarsáide Dáta breithe: 11.5.1977 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: MP3102183 Aitheantas pearsanta: 3110577A020PB2	Ina cháil mar Aire Iompair agus Cumarsáide na Bealarúise, tá Aliaksei Auramenka freagrach as bainistiú stáit i réimse na heitlíochta sibhialta agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialú aerthráchta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021
165.	Artsiom Igaravich SIKORSKI Artem Igorevich SIKORSKIY	Арцём Ігаравіч СІКОРСКІ Артем Игоревич СИКОРСКИЙ	Stiúrthóir na Roinne Eitlíochta Iompair in Aireacht Iompair na Bealarúise Dáta breithe: 1983 Áit bhreithe: Soligorsk, Minsk Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir BY: MP3785448 Aitheantas pearsanta: 3240483A023PB7	Ina cháil mar Stiúrthóir an Aviation Department of the Ministry of Transport and Communications of Belarus, tá Artsiom Sikorski freagrach as bainistiú stáit i réimse na heitlíochta sibhialta agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialú aerthráchta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as eitilt paisinéirí FR4978 a atreorú go Mionsc an 23 Bealtaine 2021 gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus i gcoinne fhreasúra dhaonlathaigh na Bealarúise. Tar éis na heachtra, rinne sé preasráitis in éineacht le Ceannasaí an Air Force and Air Defence Forces of the Armed Forces of the Republic of Belarus, Ihar Holub, inar thug sé údar le gníomhartha údaráis eitlíochta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

▼ M21

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
166.	Aleh Siarheevich HAIDUKEVICH Oleg Sergeevich GAIDUKEVICH	Алег Сяргеевіч ГАЙДУКЕВІЧ Олег Сергеевич ГАЙДУКЕВИЧ	Leas-Chathaoirleach an Bhuanchoiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta i dTeach Ionadaithe an Tionóil Náisiúnta, agus comhalta de thoscaireacht an Tionóil Náisiúnta le haghaidh teagmhálacha le Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa Dáta breithe: 26.3.1977 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: Fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantas pearsanta: 3260377A081PB9 Pasuimhir: MP2663333	Is é Aleh Haidukevich Leas-Chathaoirleach an Bhuanchoiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta i dTeach Ionadaithe an Tionóil Náisiúnta; is comhalta é de thoscaireacht an Tionóil Náisiúnta le haghaidh teagmhálacha le Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa. D'fhoilsigh sé ráitis phoiblí inar mhol sé an t-atreorú a rinneadh ar eitilt paisinéirí FR4978 chuig Minsk an 23 Bealtaine 2021. Cinneadh polaitiúil a bhí ansin, agus gan údar ceart ar bith leis, go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Ina theannta sin, rinne Aleh Haidukevich ráitis phoiblí inar mhol sé go bhféadfai ceannairí freasúra na Bealarúise a choinneáil thar lear agus a iompar go dtí an Bhealarúis 'i mbúit cairr'. Ar an gcaoi sin, thacaigh sé leis an mbrú faoi chois leanúnach ag na fórsaí slándála ar fhreasúra daonlathach na Bealarúise agus ar iriseoirí. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

▼ M25

167.	Ihar Anatolevich KRUCHKOU Igor Anatolevich KRIUCHKOV	Ігар Анатольевіч КРУЧКОЎ Игорь Анатольевич КРЮЧКОВ	Ceann an Separate Service for Active Measures (ASAM) of the Special Forces of the State Border Committee Dáta breithe: 13.4.1976 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3130476M077PB6	Ina phost mar Cheann an Separate Service for Active Measures (ASAM) of the Special Forces of the State Border Committee, tá Ihar Kruchkou freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí faoina cheannas, a bhfuil baint acu le himircigh a iompar go fisiciúil amach as an mBealarúis go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus Ballstáit an Aontais. Gearrann ASAM táille ar na himircigh arna n-iompar le haghaidh an trasnaithe teorainn. Cuirtear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme mar chuid d'oibriocht 'Gate'. Dá bhrí sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
------	---	--	--	--	-----------

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
168.	Anatol Piatrovich LAPO Anatoliy Petrovich LAPPO	Анатоль Пятровіч ЛАПО/ЛАППО Анатолий Петрович ЛАППО	Leifteanant-Ghinearál, Cathaoirleach ar State Border Committee of the Republic of Belarus (a ceapadh an 29 Nollaig 2016), Príomh-Thoscaire an State Border Dáta breithe: 24.5.1963 Áit bhreithe: Kulakovka, Mogilev Region/Oblast, former USSR (dá ngairtear Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: MP4098888 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3240563K033PB5	Ina cháil mar Chathaoirleach an State Border Committee, tá Anatol Lapo freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann faoina cheannas, ar doiciméadaíodh ina leith go raibh siad ag stiúradh, ag treorú nó ag brú daoine chun an teorainn idir an Bhealarúis agus Ballstáit an Aontais a thrasnú, agus go n-éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn sin a thrasnú de bharr a dteip d'aon ghnó a ndualgais a chomhlíonadh. Dá bhri sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a eagrú a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
169.	Kanstantsin Henadzevich MOLASTAU Konstantin Gennadevich MOLOSTOV	Канстанцін Генадзьевіч МОЛАСТАЎ Константин Геннадьевич МОЛОСТОВ	Coirnéal, Ceann an Grodno Border Group (a ceapadh an 1 Deireadh Fómhair 2014), Military Unit 2141, Toscaire don State Border Dáta breithe: 30.5.1970 Áit bhreithe: Krasnoarmeysk, Saratov Region, Russian Federation Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: KH2479999Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3300570K025PB3	Ina phost mar Cheann an Grodno Border Group, tá Kanstantsin Molastau freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann atá faoina cheannas. Le teip d'aon ghnó an Grodno Border Group a dhualgais a chomhlíonadh i gceart, éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn le Ballstáit an Aontais a thrasnú. Dá bhri sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
170.	Pavel Mikalaevich KHARCHANKA Pavel Nikolaevich KHARCHENKO	Павел Мікалаевіч Харчанка Павел Николаевич ХАРЧЕНКО	Ceann an Polotsk Border Detachment Dáta breithe: 29.3.1981 Áit bhreithe: Chita, former USSR (dá ngairtear Russian Federation anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann an Polotsk Border Detachment, tá Pavel Kharchanka freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann atá faoina cheannas. Le teip d'aon ghnó an Polotsk Border Detachment a dhualgais a chomhlíonadh i gceart, éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn le Ballstáit an Aontais a thrasnú. Dá bhri sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
171.	Ihar Mikalaevich GUTNIK Igor Nikolaevich GUTNIK	Ігар Мікалаевіч ГУТНІК Игорь Николаевич ГУТНИК	Ceann an Brest Border Group, coirnéal Dáta breithe: 17.12.1974 Áit bhreithe: Village of Zaboloty, Smolevichi District, Minsk Region/Oblast, former USSR (dá ngairtear Belarus anois) Seoladh: 90 Heroes of Defense of the Brest Fortress St., 224018, Brest, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: BM1962867	Ina phost mar Cheann an Brest Border Group, tá Ihar Gutnik, a ndearnadh feisire ar Brest Regional Council de in 2018 mar dhuine de na hiarrthóirí atá dílis do Lukashenka, freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann faoina cheannas. Le teip d'aon ghnó an Brest Border Group a dhualgais a chomhlíonadh i gceart, éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn le Ballstáit an Aontais a thrasnú. Dá bhri sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
172.	Aliaksandr Barysavich DAVIDZIUK Aleksandr Borisovich DAVIDIUK	Аляксандр Барысавіч ДАВІДЗЮК Александр Борисович ДАВИДЮК	Coirnéal, Ceann an Lida Border Detachment, Military Unit 1234 (a ceapadh an 27 Meán Fómhair 2016), Ionadaí don State Border Comhalta de Lida District Council of Deputies den 28ú comhghairm (a chuaigh i mbun oifige an 2 Feabhra 2018) Dáta breithe: 4.5.1973 Áit bhreithe: Novograd-Volynsky, Zhytomyr region, former USSR (dá ngairtear Ukraine anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Pasuimhir: KH2613034 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3040573E050PB7	Ina phost mar Cheann an Lida Border Group, tá Aliaksandr Davidziuk freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann faoina cheannas. Le teip d'aon ghnó an Lida Border Group a dhualgais a chomhlíonadh i gceart, éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn le Ballstáit an Aontais a thrasnú. Dá bhri sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
173.	Maksim Viktoravich BUTRANETS Maxim Viktorovich BUTRANETS	Максім Віктаравіч БУТРАНЕЦ Максим Викторович БУТРАНЕЦ	Ceann an Smorgon Border Group, Military Unit 2044 (a ceapadh i mí an Mháirta 2018), Toscaire don State Border Dáta breithe: 12.12.1978 Áit bhreithe: Sverdlovsk, former USSR (dá ngairtear Russian Federation anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann an Smorgon Border Group, tá Maksim Butranets freagrach as gníomhaíochtaí na ngardaí teorann faoina cheannas. Le teip d'aon ghnó an Smorgon Border Group a dhualgais a chomhlíonadh i gceart, éascaítear iarrachtaí na n-imirceach an teorainn le Ballstáit an Aontais a thrasnú. Dúirt Maksim Butranets freisin gur fhan líon na n-imirceach ag an teorainn idir an Bhealarúis agus an Liotuáin ag an ngnáth-leibhéal, in ainneoin an mhéadaithe mhóir a chonacthas ar thaobh na Liotuáine. Dá bhri sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
174.	Anatol Anatolyevich GLAZ Anatoliy Anatolyevich GLAZ	Анатоль Анатольевіч ГЛАЗ Анатолий Анатольевич ГЛАЗ	Ceann an Department of Information and Digital Diplomacy (urlabhraí) of the Ministry of Foreign Affairs of Belarus Dáta breithe: 31.7.1982 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Anatol Glaz ina Cheann ar an Department of Information and Digital Diplomacy agus ina Urlabhraí don Ministry of Foreign Affairs of Belarus ón 11 Meitheamh 2018 i leith. Sa cháil sin, rinne sé roinnt ráitis phoiblí, ag tacú le beartas réimeas Lukashenka sna hiarrachtaí is déanaí uaidh chun trasnuithe neamhdhleathacha teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais a éascú. Ina theannta sin, chosain sé go poiblí tuirlingt éigeantach eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionse gan údar cuí a bheith leis an 23 Bealtaine 2021. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh sin dar siocair an pholaitíocht go ndéanfaí an t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil agus is cos ar bolg an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka.	2.12.2021
175.	Siarhei Aliaksandravich EPIKHAU Sergei Aleksandrovich EPIKHOV	Сяргей Аляксандравіч ЕПІХАЎ Сергей Александрович ЕПИХОВ	Breitheamh ag Minsk Regional Court Dáta breithe: 16.5.1966 Seoladh: 38 Timoshenko St., apt. 198, Minsk, Belarus; 59 L.Tolstoy St., apt. 80, Vileika, Belarus; 14 Kedysko St., apt. 11, Minsk, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3160566B046PB4	Ina phost mar bhreitheamh ag Minsk Regional Court, tá Siarhei Epikhau freagrach as rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne ceannairí agus gníomhaithe freasúra, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Maria Kolesnikova agus Maksim Znak, a measann eagraíochtaí um chearta an duine gur príosúnaigh pholaitiúla iad. Tuairiscíodh sárúithe ar chearta na gcúisithe chun cosanta agus ar an gceart chun triail chóir a fháil le linn na dtrialacha a rinneadh faoina mhaoirseacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021
176.	Ihar Viachaslavavich LIUBAVITSKI Igor Viacheslavovich LIUBOVITSKI	Ігар Вячаслававіч ЛЮБАВІЦКІ Игорь Вячеславович ЛЮБОВИЦКИЙ	Breitheamh ag Supreme Court of the Republic of Belarus Dáta breithe: 21.7.1983 Seoladh: Vogel 1K St., apt. 17, Minsk, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3210783C002PB2	Ina phost mar bhreitheamh ag an Supreme Court of the Republic of Belarus, tá Ihar Liubavitski freagrach as rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne ceannairí, gníomhaithe agus iriseoirí freasúra, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an iarrthóir uachtaránachta, Viktor Babarika, a measann eagraíochtaí um chearta an duine gur príosúnaigh pholaitiúla é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
177.	Siarhei Siarheevich GIRGEL Sergei Sergeevich GIRGEL	Сяргей Сяргеевіч ГІРГЕЛЬ Сергей Сергеевич ГИРГЕЛЬ	Ionchúisitheoir sinsearach an Department of Public Prosecution of the General Prosecutor's Office Dáta breithe: 16.6.1978 Seoladh: 16 Lidskaya St., apt. 165, Minsk, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3160678H018PB5	Ina phost mar ionchúisitheoir sinsearach an Department of Public Prosecution of the General Prosecutor's Office, rinne Siarhei Girgel ionadaíocht do réimeas Lukashenka i gcásanna dar siocair an pholaitíocht i gcoinne ceannairí freasúra agus comhaltaí sochaí sibhialta. Go sonrach, d'ionchúisigh sé iarrthóir uachtaránachta an fhreasúra Viktor Babarika, a n-aithníonn eagraíochtaí um chearta an duine gur príosúnach polaitiúil é. D'iarr Siarhei Girgel go leanúnach ar an mbreitheamh pianbhreitheanna príosúnachta fadtéarmacha a ghearradh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021
178.	Valiantsina Genadzeuna KULIK Valentina Gennadevna KULIK	Валянціна Генадзьеўна КУЛІК Валентина Геннадьевна КУЛИК	Breitheamh ag Supreme Court of the Republic of Belarus Dáta breithe: 15.1.1960 Seoladh: 54 Angarskaya St., apt. 48, Minsk, Belarus Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4150160A119PB2	Ina cáil mar bhreitheamh ag Supreme Court of the Republic of Belarus, tá Valiantsina Kulik freagrach as cinntí arbh í an pholaitíocht ba shiocair leo i gcoinne iriseoirí agus ceannairí an fhreasúra. Shéan sí go háirithe an gearán ó Viktor Babarika chun cás sibhialta a thionscnamh bunaithe ar na gearáin a bhí aige i gcoinne chinneadh an Central Electoral Commission a dhiúltú é a chlárú mar iarrthóir uachtaránachta. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021

▼ M25▼ M34

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
179.	Andrei Andreevich PRAKAPUK Andrey Andreevich PROKOPUK	Андрэй Андрэевіч ПРАКАПУК Андрей Андреевич ПРОКОПУК	Post: Stiúrtóir ar an Republican Unitary Enterprise ‘Brest Centre for Standardization, Metrology and Certification’, iar-Leas-Stiúrtóir ar Financial Investigations Department of the State Control Committee of the Republic of Belarus Coirnéal den Financial Police Dáta breithe: 22.7.1973 Áit bhreithe: Kobrin, Brest region, Belarus Seoladh: 22 Mira St., apt. 88, Priluki, Minsk Region, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3220773C061PB1	Sa phost a bhí aige mar Leas-Stiúrtóir Financial Investigations Department of the State Control Committee of the Republic of Belarus, bhí Andrei Prapakuk freagrach as feachtais arbh í an pholaitaíocht ba shiocair leo ón roinn sin i gcoinne iriseoirí agus eagraíochtaí neamhspleácha na meán de chuid na Bealarúise. D’fhormheas sé go pearsanta cinneadh chun áitreabh eagraíocht na meán TUT.by a chuardach, agus thionscain sé cas cúirte i gcoinne TUT.by agus i gcoinne na n-iriseoirí a fhostaíonn TUT.by, agus bhlocáil sé rochtain ar shuíomh gréasáin TUT.by. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Stiúrtóir ar Republican Unitary Enterprise ‘Brest Center for Standardization, Metrology and Certification’.	2.12.2021
180.	Ihar Anatolevich MARSHALAU Igor Anatolevich MARSHALOV	Ігар Анатольевіч МАРШАЛАЎ Игорь Анатольевич МАРШАЛОВ	Leas-Chathaoirleach State Control Committee, Stiúrtóir Financial Investigations Department of the State Control Committee Maorghinearál den Financial Police Dáta breithe: 12.1.1972 Áit bhreithe: Shkolv, Mogilev Region/Oblast, former USSR (dá ngairtear Belarus anois) Seoladh: 15 Shchukina St., Minsk, Belarus; 43A Franciska St., apt. 41, Minsk, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3120172H018PB4	Is é Ihar Marshalau Leas-Chathaoirleach State Control Committee of Belarus agus Stiúrtóir Financial Investigations Department of the State Control Committee. Sa phost sin, is é atá freagrach as an gcás imghabhála cánach arbh í an pholaitíocht ba shiocair leis i gcoinne eagraíocht na meán TUT.by a thionscnamh, a líomhnaítear atá bunaithe ar Airteagal 243 de Chód Coiriúil Phoblacht na Bealarúise, atá ina bhagairt ar shaoirse na meán i mBealarúis. Tá sé freagrach freisin as na cuardaigh a rinneadh i mí Bealtaine 2021 in oifig TUT.by i Mionsc, sna hoifigí réigiúnacha agus sna tithe ag roinnt ball foirne TUT.by.	2.12.2021

▼ M25

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tá sé freagrach freisin as coinneáil ball de Belarus Press Club i mí na Nollag 2020, as cuardach agus coigistiú nithe in oifig Rights of People with Disabilities, lena n-áirítear ceistiú foréigneach Aleh Hrablouski agus Syarhei Drazdouski i mí Eanáir 2021, as coinneáil agus cúisimh imghabhála cánach chomhalta Coordination Council, Liliya Ulasava, agus as cuardaigh agus coinneáil a dhéanann difear d'fhostaithe chuideachta bogearraí PandaDoc, a bhí i gceannas ar thionscnamh 'Protect Belarus', i mí Mheán Fómhair 2021. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta.	
181.	Hanna Mikhailauna SAKALOUSKAYA Anna Mikhaylovna SOKOLOVSKAYA	Ганна Міхайлаўна САКАЛОЎСКАЯ Анна Михайловна СОКОЛОВСКАЯ	Breitheamh den Judicial Collegium for Civil Cases ag an Supreme Court Dáta breithe: 18.9.1955 Seoladh: 22 Surhanava St., apt. 1, Minsk, Belarus Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4180955A015P80	Ina cáil mar bhreitheamh ag Supreme Court of the Republic of Belarus, tá Hanna Sakalousskaya freagrach as an gcinneadh arbh í an pholaitíocht ba shiocair leis chun Belarus PEN Centre – eagraíocht sochaí shibhialta de chuid na Bealarúise – a leachtú. Tá sí freagrach freisin as cinneadh arbh í an pholaitíocht ba shiocair leis agus a raibh leachtú Belarus Helsinki Committee (BHC) mar thoradh air, mar gheall air gur chaith sí amach, an 2 Meán Fómhair 2021, an gearán ó BHC maidir leis an rabhadh a bhí dírithe air ó Belarusian Ministry of Justice. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
182.	Marat Siarheevich MARKAU Marat Sergeevich MARKOV	Марат Сяргеевіч МАРКАЎ Марат Сергеевич МАРКОВ	Cathaoirleach Bhord Bainistíochta an chainéil teilifíse faoi smacht an Stáit ONT, óstach an chláir ‘Markov: Nothing Personal’ Dáta breithe: 1.5.1969 Áit bhreithe: Luninets, iarUSSR (dá ngairtear Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is é Marat Markau Cathaoirleach Bhord Bainistíochta an chainéil teilifíse faoi smacht an stáit ONT agus óstach an chláir ‘Markov: Nothing Personal’. Sa phost seo, bhí sé toilteanach faisnéis bhréagach a thabhairt do phobal na Bealarúise faoi thoradh na dtoghchán, faoi agóidí agus faoin gcos ar bolg arna imirt ag údarais an Stáit, agus na cúinsí a bhaineann leis an tuirlingt éigeantach ar eitilt paisinéirí FR4978 in aerfort Mhionse gan údar cuí a bheith leis an 23 Bealtaine 2021. Tá sé freagrach go díreach as an gcaoi a gcuirtear faisnéis ar fáil faoi staid na tíre ar an gcainéal teilifíse ONT, ag tacú ar an gcaoi sin leis na húdarais, lena n-áirítear Lukashenka. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka. Rinne Markov an chéad agallamh éigeantach le Raman Pratasevich, tar éis Pratasevich a choinneáil agus a chéasadh, de réir an-chuid tuarascálacha, ag údarais na Bealarúise. Ina theannta sin, rinne Markov bagairt agus chuir sé imeagla ar oibrithe ONT a chuaigh ar stailc tar éis thoghcháin uachtaráin chalaoiseacha 2020 agus chniobhbheartaíocht na n-údarás. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021
183.	Dzmitry Siarheevich KARSUK Dmitriy Sergeevich KARSUK	Дзмітрый Сяргеевіч КАРСЮК Дмитрий Сергеевич КАРСЮК	Breitheamh den Central District of the City of Minsk Court Dáta breithe: 7.7.1995 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh de Central District of the City of Minsk Court, tá Dzmitriy Karsuk freagrach as an-chuid rialuithe ón gcúirt arbh í an pholaitíocht ba shiocair leo i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe pianbhreith a chur ar Yahor Viarshynin, Pavel Lukoyanov, Artsiom Sakovich agus Mikalai Shemetau, a aithníonn Viasna, eagraíocht na Bealarúise do chearta an duine, mar phríosúnaigh pholaitiúla. Ghearr sé pionóis ar dhaoine de thréimhse in áitreabh pionóis, i bpríosún agus i mbraighdeanas baile as páirt a ghlacadh in agóidí síochánta, postálacha ar na meáin shóisialta, bratach bán-dearg-bán na Bealarúise a úsáid agus bealaí eile ar feidhmíodh saoirsí sibhialta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	2.12.2021

▼ **M18**▼ **M31**

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
184.	Ihar Vasilievich KARPENKA Igor Vasilievich KARPENKO	Ігар Васільевіч КАРПЕНКА Игорь Васильевич КАРПЕНКО	Post/Poist: Cathaoirleach ar an Central Commission of the Republic of Belarus on Elections and Holding Republican Referenda Dáta breithe: 28.4.1964 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Chathaoirleach ar an Central Commission of the Republic of Belarus on elections and holding Republican Referenda ón 13 Nollaig 2021 i leith, tá Ihar Karpenka freagrach as reifreann bunreachtúil an 27 Feabhra 2022 a eagrú agus a thionól, reifreann nach gcomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta an smachta reachta, an daonlathais agus chearta an duine agus nach gcomhlíonann na critéir arna leagan síos ag Coimisiún na Veinése. Go háirithe, ní raibh an próiseas dréachtaithe trédhearcach agus ní raibh aon pháirt ag an tsochaí shibhialta ná ag an bhfreasúra daonlathach ar deoraíocht ann. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.6.2022
185.	Dzmitry Aliakseevich ALEKSIN Dmitry Alexeevich OLEKSIN	Дзмітрый Аляксеевіч АЛЕКСІН Дмитрий Алексеевич ОЛЕКСИН	Post/Poist: Mac le Aliaksei Aleksin, scairshealbhóir in Belneftgaz, Energo-Oil agus Grantlo (a thugtaí Energo-Oil-Invest tráth) Dáta breithe: 1987 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is mac é Dzmitry Aleksin le Aliaksei Aleksin, mórfhear gnó sa Bhealarúis. In 2021 bhí sé ina chomhúinéir ar chuideachtaí faoi úinéireacht a athar nó a raibh baint aige leo, lena n-áirítear Energo-Oil, Belneftgaz agus Grantlo (iarEnergo-Oil-Invest). Tugadh cóir fhabhrach do na cuideachtaí sin bunaithe ar fhoraitheanta an uachtaráin a shínigh Aliaksandr Lukashenka: tugadh pribhléidí eisiacha do Inter Tobacco chun táirgí tobac a allmhairiú chuig an mBealarúis, agus ceapadh Belneftgaz ina oibreoir monatóireachta idirthurais náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka.	3.6.2022
186.	Vital Aliakseevich ALEKSIN Vitaliy Alexeevich OLEKSIN	Віталь Аляксеевіч АЛЯКСІН Виталий Алексеевич ОЛЕКСИН	Post/Poist: Mac le Aliaksei Aleksin, scairshealbhóir in Belneftgaz, Energo-Oil agus Grantlo (a thugtaí Energo-Oil-Invest tráth) Dáta breithe: 29.8.1997 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is mac é Vital Aleksin le Aliaksei Aleksin, mórfhear gnó sa Bhealarúis. In 2021 bhí sé ina chomhúinéir ar chuideachtaí a bhí faoi úinéireacht a athar nó a raibh baint aige leo, lena n-áirítear Energo-Oil, Belneftgaz agus Grantlo (iarEnergo-Oil-Invest). Tugadh cóir fhabhrach do na cuideachtaí sin bunaithe ar fhoraitheanta an uachtaráin a shínigh Aliaksandr Lukashenka: tugadh pribhléidí eisiacha do Inter Tobacco chun táirgí tobac a allmhairiú chuig an mBealarúis, agus ceapadh Belneftgaz ina oibreoir monatóireachta idirthurais náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka.	3.6.2022

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
187.	Bogoljub KARIĆ	Богољуб КАРИЋ Боголюб КАРИЧ	Post/Poist: Fear gnó agus polaiteoir Seirbiach, atá bainteach leis an gcuideachta Dana Holdings Dáta breithe: 17.1.1954 Áit bhreithe: Peja/Печ, an iar-Iúgslaiv (an Chosaiv anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Seirbiach Pasuimhir: 012830978 (bailí go dtí 27.12.2026)	Is fear gnó agus polaiteoir Seirbiach é Bogoljub Karić. In éineacht lena bhaill teaghlaigh, d'fhorbair sé líonra de chuideachtaí eastáit réadaigh sa Bhealarúis agus chothaigh sé líonra teagmhálacha le teaghlach Aliaksandr Lukashenka. Go háirithe, tá dlúthbhaint aige le Dana Holdings agus a iar-fhochuideachta Dana Astra agus tuairiscítear go ndearna sé ionadaíocht ar na heintitis sin le linn cruinnithe le Lukashenka. Rinne Lukashenka cur síos ar an tionscadal Minsk World, a d'fhorbair cuideachta a bhfuil baint ag Karic léi, mar 'sampla de chomhoibriú sa domhan Slavach'. A bhui leis an dlúthchaidreamh seo le Lukashenka agus a lucht coimhdeachta, fuair cuideachtaí a bhfuil baint acu leis cóir fhabhrach ó réimeas Lukashenka, lena n-áirítear buntáistí cánach agus ceapacha talún d'fhorbairt eastáit réadaigh. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022
188.	Andrii SICH Andrey SYCH	Андрій СИЧ Андрей СЫЧ	Post/Poist: Comh-óstach den chlár 'Platform' ar an gcainéal atá faoi úinéarcht an Stáit 'Belarus 1' Ball den eagraíocht 'Rusj molodaja' Dáta breithe: 20.9.1990 Áit bhreithe: An Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Andrii Sych ina Chomh-óstach ar an gclár 'Platform' ar 'Belarus 1', cainéal teilifíse faoi úinéireacht stáit. Sa phost sin, thacaigh sé le insintí réimis atá dírithe ar na meáin neamhspleácha a aithisiú, an bonn a bhaint ón daonlathas agus údarú a thabhairt don chos ar bolg. Thacaigh sé le hinsint réimeas Lukashenka faoin rún atá ag stáit an Iarthair <i>coup d'état</i> a eagrú sa Bhealarúis agus d'iarr sé go gcuirfí pionóis chrua orthu siúd a liomhnaíodh a bheith páirteach, thacaigh sé le feachtais bhréagaisnéise maidir le drochíde a thabhairt d'imircigh a tháinig go dtí an tAontas ón mBealarúis, agus chuir sé an íomhá chun cinn gur gníomhairí tionchair eachtraigh iad na meáin neamhspleácha ar cheart a ngníomhaíocht a shrianadh. Dá bhrí sin tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka.	3.6.2022

▼ M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
189.	Dzianis Aliaksandravich MIKUSHEU Denis Alexandrovich MIKUSHEV	Дзяніс Аляксандравіч МІКУШЭЎ Денис Александрович МИКУШЕВ	Post/Poist: Ceann an Department for the Supervision of Compliance with the Law of Court Decisions in Criminal Cases of the Prosecutor's Office of the Gomel Region/Oblast; comhairleoir dlí sinsearach Dáta breithe: 21.3.1980 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is Ceann an Department for the Supervision of Compliance with the Law of Court Decisions in Criminal Cases of the Prosecutor's Office of the Gomel Region/Oblast agus comhairleoir dlí speisialta é Dzianis Mikusheu. Sa phost sin, tá sé freagrach as tús a chur le hionchúiseamh Siarhei Tsikhanouski, Artsiom Sakau, Dzmitry Papou, Ihar Losik, Uladzimir Tsyhanovich agus Mikalai Statkevich. Chuir sé le coinneáil threallach Siarhei Tsikhanouski, faoi mar a cuireadh i láthair i dtuarascáil Mheitheal na Comhairle um Chearta an Duine maidir le Coinneáil Threallach. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	3.6.2022
190.	Mikalai Ivanavich DOLIA Nikolai Ivanovich DOLYA	Мікалай Іванавіч ДОЛЯ Николай Иванович ДОЛЯ	Post/Poist: Breitheamh ag Gomel Regional Court Dáta breithe: 3.7.1979 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais phearsanta: 3070379H0 41PBI	Is breitheamh in Gomel Regional Court é Mikalaí Dolia. Sa phost sin, tá sé freagrach as téarmaí príosúin atá díreireach fada a ghearradh ar Siarhei Tsikhanouski, Artsiom Sakau, Dzimtry Papou, Ihar Losik, Uladzimir Tsyhanovich agus Mikalai Statkevich. Chuir sé le coinneáil threallach Siarhei Tsikhanouski, faoi mar a cuireadh i láthair i dtuarascáil Mheitheal na Comhairle um Chearta an Duine maidir le Coinneáil Threallach. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	3.6.2022

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
191.	Andrei Yaouhenavich PARSHYN Andrei Yevgenevich PARSHIN	Андрэй Яўгенавіч ПАРШЫН Андрей Евгеньевич ПАРШИН	Post/Poist: Ceann an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption in Belarus (GUBOPiK) Dáta breithe: 19.2.1974 Seoladh: 4A Skryganova St., Apt. 211, Mionsc, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Andrei Parshyn ina Cheann ar an Main Department for Combating Organized Crime and Corruption (GUBOPiK) sa Ministry of Internal Affairs ó 2021 i leith. Tá GUBOPiK ar cheann de na príomhchomhlachtaí atá freagrach as géarleanúint pholaitiúil sa Bhealarúis, lena n-áirítear gabhálacha treallacha agus neamhdhleathacha agus drochíde, lena n-áirítear céasadh, gníomhaithe agus comhaltaí den tsochaí shibhialta. D'fhoilsigh GUBOPiK ar a phróifil Telegram fiseáin d'admhálacha a rinne gníomhaithe Bealarúiseacha agus gnáth-shaoránaigh Bhealarúiseacha faoi iallach, á nochtadh do phobal na Bealarúise i gcoitinne agus á n-úsáid mar uirlis brú polaitiúil. Choinnigh GUBOPiK Mark Bernstein, duine de na heagarthóirí Wikipedia is mó sa Rúisis, as faisnéis a fhoilsiú faoi fhogha na Rúise faoin Úcráin, a mheastar a bheith ina 'bréagnuacht' fhrith-Rúiseach. Tá Andrei Parshyn freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.6.2022
192.	Ihar Pyatrovich TUR Igor Petrovich TUR	Ігар Пятровіч ТУР Игорь Петрович ТУР	Post/Poist: Fostaí cainéal teilifíse atá faoi úinéireacht stáit 'ONT', údar agus ancaire roinnt clár ('Propaganda', 'To be completed') Dáta breithe: 26.3.1989 Áit bhreithe: Grodno/Hrodna, Belarus Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is fostaí é Ihar Tur de chuid chainéal teilifíse ONT faoi úinéireacht stáit agus tá sé ar cheann de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka. Is é a óstálann an clár 'Propaganda', ina mbíonn sé ag iarraidh go ndéanfaí foréigean, ina ndéanann sé míchlú ar ghníomhaithe ón bhfreasúra agus cuireann sé fiseáin chun cinn le hadmhálacha éigeantacha ó phríosúnaigh pholaitiúla. Scríobh sé roinnt tuairiscí bréagacha ar agóidí fhreasúra na Bealarúise, agus scríobh sé bréagaisnéis maidir le himeachtaí san Aontas, agus maidir le hionsaithe ar an tsochaí shibhialta. Tá sé freagrach freisin as bréagaisnéis agus teachtaireachtaí lena ngríosaitear foréigean a scaipeadh ar líne. Bhronn Aliaksandr Lukashenka bonn air as a chuid oibre sna meáin. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
193.	Lyudmila Leanidauna HLADKAYA Lyudmila Leonidovna GLADKAYA	Людміла Леанідаўна ГЛАДКАЯ Людмила Леонидовна ГЛАДКАЯ	Post/Poist: Comhfhreagraí speisialta nuachtáin SB Belarus Segodnya, láithreoir ag an gcainéal teilifíse atá faoi úinéireacht an stáit Belarus 1 Dáta breithe: 30.6.1983 Seoladh: 8A Vodolazhsky St., apt. 45, Mionsc, an Bhealarúis Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Lyudmila Hladkaya ar duine de na bolscairí is suntasaí de réimeas Lukashenka. Is fostaí í de chuid nuachtán ‘SB Belarus Segodnya’ agus comhlach de mheáin eile atá fabhrach don réimeas, lena n-áirítear an cainéal teilifíse Belarus 1 atá faoi úinéireacht stáit. Is minic a úsáideann sí fuathchaint agus teanga mhaolach agus í ag labhairt faoin bhfreasúra daonlathach. Rinne sí a lán ‘agallaimh’ freisin le saoránaigh na Bealarúise agus iad faoi choinneáil éagórach, mic léinn go minic, á dtaispeáint i staid náireach agus ag magadh fúthu. Chuir sí brú faoi chois na ngaireas slándála chun cinn agus ghlac sí páirt i bhfeachtais bhréagaisnéise agus ionramháil faisnéise. Tá sí ag tacú go poiblí le Aliaksandr Lukashenka agus léiríonn sí bród as a bheith ag fónamh dá réimeas. Mhol Lukashenka í go poiblí as a cuid oibre agus bhronn sé gradaim uirthi. Dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sí leis.	3.6.2022
194.	Ryhor Yur'yevich AZARONAK Grigoriy Yurevich AZARYONOK	Рыгор Юр'евіч АЗАРОНАК Григорий Юрьевич АЗАРЁНОК	Post/Poist: Fostaí cainéal teilifíse atá faoi úinéireacht an stáit ‘CTV’, údar agus óstach roinnt clár (‘Secret Springs of Politics’, ‘Order of Judas’, ‘Panopticon’) Céim: Leifteanant cúltaca Dáta breithe: 18.10.1995 Áit bhreithe: Mionsc, An Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Ryhor Azaronak ar cheann de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka. Is colúnaí polaitiúil é, údar agus óstach ar chlár sheachtainiúla bholscaireachta ar an gcainéal teilifíse ‘CTV’ atá faoi úinéireacht stáit. Sna craoltaí a bhí aige, thacaigh sé le foréigean in aghaidh easaontaigh réimeas Lukashenka, d’úsáid sé teanga mhaolaitheach go córasach agus é ag trácht ar ghníomhaithe, ar iriseoirí agus ar fhreasúraí eile réimeas Lukashenka. Bhronn Aliaksandr Lukashenka duais air leis an mbonn ‘For Courage’. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	3.6.2022

▼ M31

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
▼ M34					
195.	Ivan Ivanavich GALAVATYI Ivan Ivanovich GOLOVATY	Іван Іванавіч ГАЛАВАТЫ Иван Иванович ГОЛОВАТЫЙ	Post/Poist: Ard-Stiúrthóir an Open Joint Stock Company ‘Belaruskali’, Cathaoirleach bhord maoirseachta JSC Belarussian Potash Company. Comhalta den Standing Committee of the Council of the Republic of the National Assembly of the Republic of Belarus for Foreign Affairs and National Security Dáta breithe: 15.6.1976 Áit bhreithe: Pogost Settlement, Soligorsk District, Minsk Province, Belarus Insce: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is é Ivan Galavaty Ard-Stiúrthóir Belaruskali, frontar faoi úinéireacht stáit, ar foinse mhór ioncain agus airgeadra eachtraigh é do réimeas Lukashenka. Is comhalta é den Council of the Republic agus den National Assembly agus tá poist arda eile aige freisin sa Bhealarúis. Thairis sin, tá sé ina Chathaoirleach ar bhord maoirseachta JSC Belarussian Potash Company. Fuair sé an iliomad gradam stáit, lena n-áirítear gradaim ó Aliaksandr Lukashenka go díreach, le linn a ghairme. Bhí dlúthbhaint aige le Lukashenka agus baill dá theaghlach. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis. Baineadh préimheanna d’fhostaithe Belaruskali a ghlac páirt i stailceanna agus agóidí síochánta i ndiaidh thoghcháin chialaoiseacha uachtaránachta Lúnasa 2020 agus ligeadh chun bealaí iad. Bhagair Lukashenka féin go pearsanta go gcuirfí mianadóirí ón Úcráin in ionad na bhfostaithe a chuaigh ar stailc. Tá Ivan Golovaty freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	3.6.2022
▼ M35					
196.	Aliaksandr Uladzimirovich KARNIENKA Alexander Vladimirovich KORNIENKO	Аляксандр Уладзіміравіч КАРНІЕНКА Александр Владимирович КОРНИЕНКО	Post/poist: Iarcheann Choilíneacht Phionósach IK-17 Shklov, Leifteanant-Choirnéal na Seirbhíse Innheánaí Post reatha: Cigire Ceantair; Roinn Gnóthaí Innheánacha Choiste Feidhmiúcháin Cheantar Slutsk Dáta breithe: 9.1.1979 Insce: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar iarcheann Choilíneacht Phionósach IK-17 in Shklov, tá Aliaksandr Karnienka freagrach as an ide mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh ar na príosúnaigh pholaitiúla agus ar shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Bhí sé i gceannas ar an gcoilíneacht phionósach nuair a fuair an príosúnach polaitiúil Vitold Ashurak bás sa choilíneacht phionósach an 21 Bealtaine 2021, in imthosca nár míníodh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
197.	Andrei Siarheevich PALCHIK Andrei Sergeevich PALCHIK	Андрэй Сяргеевіч ПАЛЬЧЫК Андрей Сергеевич ПАЛЬЧИК	Poist: Iarcheann ar choilíneacht cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk Dáta breithe: 3.3.1981 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar cheann ar choilíneacht cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk, bhí Andrei Palchik freagrach as céas-tóireacht agus drochíde, pionóis mhí-úsáideacha, lena n-áirítear gaibhniú aonair a úsáid arís agus arís eile, agus as páirt a ghlacadh sa mhéid sin, i gcoinne na bpríosúnach polaitiúil agus na saoránach eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin, go háirithe tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Mar cheann na coilíneachta pionósaí sin, ní hamháin go bhfuil Andrei Palchik freagrach as na mí-úsáidí sin a ordú agus maoirseoireacht a dhéanamh orthu, ach tá cuntas teiste doiciméadaithe aige maidir le rannpháirtíocht phearsanta i ngníomhartha céastóireachta agus foréigin i gcoinne príosúnach. Le linn riarachán Andrei Palchik ó 2017 go mí an Mhárta 2023, tá droch-cháil tagtha ar choilíneacht cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk mar gheall ar na dálaí coinneála atá ann atá thar a bheith crua agus mar gheall ar an drochíde a thugtar do na príosúnaigh, go leor acu ina bpríomhghníomhaithe polaitiúla agus ina n-ionadaithe ar an tsochaí shibhialta arna gcoinneáil toisc go raibh siad i gcoinne réimeas an Uachtaráin Lukashenka. Tar éis dó aistriú ó Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, leanann Andrei Palchik de phost gníomhach ardchéimnitheach a bheith aige i saoráid choinneála eile agus dá bhrí sin tá sé ag obair don chóras smachtúil go fóill. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
198.	Aliaksandr Uladzimiravich KAROL Aleksandr Vladimirovich KAROL	Аляксандр Уладзіміравіч КАРОЛЬ Александр Владимирович КОРОЛЬ	Post/poist: Ionchúisitheoir Sinsearach i Roinn Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta Dáta breithe: 28.6.1992 Áit bhreithe: Bobruisk, réigiún Mogilev, Poblacht na Bealarúise Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3280692M019PB8	Ina phost mar Ionchúisitheoir Sinsearach i Roinn Oifig Ionchúisitheora Ghinearálta na Bealarúise, tá Aliaksandar Karol freagrach as an iliomad cásanna coiriúla dar siocair an pholaitíocht i gcoinne chosantóirí chearta an duine sa Bhealarúis. Go háirithe, tá baint aige le hionchúiseamh ionadaithe de chuid Viasna, eagraíocht chearta an duine sa Bhealarúis, ar chúiseanna dar siocair an pholaitíocht, lena n-áirítear Ales Bialiatski, cathaoirleach Viasna, Valiantsin Stefanovic, leas-chathaoirleach Viasna, an dlíodóir Uladzimir Labkovich, Viasna, Marfa Rabkova, comhordaitheoir líonra deonach, Leanid Sudalenka, ceann oifig Viasna in Gomel, agus an deonach Andrei Chapiuk, mar aon leis an deonach Tatsiana Lasitsa a scaoileadh ó choilíneacht phionósach Gomel an 24 Meán Fómhair 2022.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint, go tromchúiseach, ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	
199.	Mikhail Mikhailavich MURASHKIN Mikhail Mikhailovich MURASHKIN	Міхаіл Міхайлавіч МУРАШКІН Михаил Михайлович МУРАШКИН	Post/poist: Iar-Leas-Cheann ar Roinn Bardasach Gnóthaí Inmheánacha (Municipal Department of Internal Affairs) in Zhodino - Ceann na bPóilíní Slándála Poiblí (Public Security Police); Céad-Leas-Cheann ar Roinn Ceantair Gnóthaí Inmheánacha (District Department of Internal Affairs) in Borisov - Ceann na bPóilíní Slándála Poiblí (Public Security Police) ón 29.10.2021 ar aghaidh Dáta breithe: 8.9.1989 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar iarcheann ar na Póilíní Slándála Poiblí in Zhodino, d'ordaigh Mikhail Murashkin do thrúpaí na bpóilíní agus do phóilíní círéibe OMON agóidí síochánta a chur faoi chois go brúidiúil tar éis an thoghcháin uachtaránachta in 2020, agóideoirí a bhatráil agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá baint aige freisin le hiriseoirí neamhspleácha a chlúdaigh na hagóidí sa tréimhse roimh na toghcháin uachtaránachta a choinneáil arís agus arís eile. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis. Tá post ardchéime den chineál céanna aige i gcónaí laistigh den Roinn Gnóthaí Inmheánacha.	3.8.2023
200.	Mikalai Vasilievich MAKSIMAVICH Nikolai Vasilievich MAKSIMOVICH	Мікалай Васільевіч МАКСІМАВІЧ Николай Васильевич МАКСИМОВИЧ	Post/poist: Leas-Cheann ar an Mílíste Slándála Poiblí (Public Security Militia), Stiúrtóireacht Gnóthaí Inmheánacha (Internal Affairs Directorate) Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc Dáta breithe: 25.2.1977 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Mionsc, sráid Yankee Brylya 21, árasán 224; Mionsc, sráid Kolesnikova 32, árasán 3 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3250277M077PB2	Ina phost mar Leas-Cheann Mhílíste Slándála Poiblí Stiúrtóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc, tá Mikalai Maksimavich freagrach as an gniogbheartaíocht bhrúidiúil ar agóidí síochánta sa tréimhse roimh na toghcháin uachtaránachta i mí Lúnasa 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá orduithe tugtha aige go pearsanta do na póilíní círéibe OMON na léirsithe a chur faoi chois go foréigneach, na hagóideoirí agus na hiriseoirí neamhspleácha a chlúdaigh na himeachtaí sin a choinneáil, agus iad a chur faoi choinniollacha diana coinneála. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
201.	Piotr Aleksandrovich ARLOU Petr Aleksandrovich ORLOV	Пётр Александровіч АРЛОЎ Петр Александрович ОРЛОВ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Chathrach Mhionsc (Minsk City Court) Dáta breithe: 6.4.1967 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3040667A088PBO Seoladh: Mionsc, sráid Sharangovicha 78, árasán 60	Agus é ina bhreithimh i gCúirt Chathrach Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Piotr Arlou do réimeas Lukashenka in iliomad trialacha polaitiúla agus tá sé freagrach as na fíoraisc fhada atá tugtha <i>in absentia</i> i gcoinne roinnt comhaltaí den fhreasúra daonlathach; Sviatlana Tsikhanouskaya (15 bliana), Pavel Latushka (18 mbliana), agus Volha Kavalkova, Maryia Maroz agus Siarhei Dyleuski (12 bliana an duine). Tá Piotr Arlou freagrach freisin as stiúradh na trialach agus na fíoraisc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne an bhlagálaí Eduard Palchys (13 bliana príosúnachta) agus an iriseora Katsiaryna Andreyeva (2 bhliain). Tá na fíoraisc sin mar chuid de dhiúltú córasach a bheith á dhéanamh ag údarais na Bealarúise d'fheidhmiú na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus de phionós a chur má fheidhmítear an tsaoirse sin. Is samplaí iad fíoraisc Piotr Arlou den chur faoi chois córasach atá á dhéanamh ar an easaontú. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023
202.	Ruslan Khikmetavich MASHADZEOU Ruslan Khikmetovich MASHADIYEV	Руслан Хікметавіч МАШАДЗЕЎ Руслан Хікметавіч МАШАДИЕВ	Post/poist: Iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1; Ceann Reatha Choilíneacht Phionósach Uimh. 1 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann agus iarLeas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, tá Ruslan Mashadziyeu freagrach as an íde mhídháonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh ar na príosúnaigh pholaitiúla agus ar shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-ágóidí síochánta ina dhiaidh sin. Bhí sé i gceannas ar an gcoilíneacht phionósach nuair a fuair an príosúnach polaitiúil Vitold Ashurak bás sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021, in imthosca nár míníodh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
203.	Siarhei Uladzimiravich KARCHEUSKY Sergey Vladimirovitch KARCHEVSKY	Сяргей Уладзіміравіч КАРЧЭЎСКІ Сергей Владимирович КАРЧЕВСКИЙ	Post/poist: Maor agus Ceann roinn réimis Choilíneacht Phionósach Uimh.17 Shklow Dáta breithe: 15.6.1983 Seoladh: 6 Sráid Fatina, árasán 100, Mogilev, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantas Phearsanta: 3150683MO74PB5	Mar cheann roinn réimis Choilíneacht Phionósach Uimh. 17 in Shklow, tá Siarhei Kharcheuský freagrach go díreach as dálaí mídhonna coinneála sa choilíneacht, as na cleachtais fhoréigineacha a dhéantar ar phríosúnaigh agus as an drochíde a thugtar dóibh, go háirithe príosúnaigh pholaitiúla. Bhí baint phearsanta aige le batráil agus gníomhaithe eile foréigin mhíchuibheasaigh a dhéanamh i gcoinne príosúnach agus tá baint dhíreach aige le bás an phríosúnaigh pholaitiúil, Vitold Ashurak, sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021 agus tá sé freagrach go díreach as an mbás sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
204.	Siarhei Vasilyevich MASLIUKOU Sergey Vasilyevich MASLIUKOV	Сяргей Васільевіч МАСЛЮКОЎ Сергей Васильевич МАСЛЮКОВ	Post/poist: Príomhchoirnéal sheirbhís inmheánach Choilíneacht Oideachais Uimh 2 in Bobruysk Áit bhreithe: Shklov, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh amhrasta: Bobruysk	Ina phost mar Phríomhchoirnéal sheirbhís inmheánach Choilíneacht Oideachais Uimh. 2 in Bobruysk, tá Siarhei Masliukou freagrach as íde mhídhonna tháireach mionaíseach. Tá sé freagrach as ocras, céastóireacht, saothar éignithe agus cineálacha éagsúla foréigin fhisiciúil agus shíceolaíoch a chur ar leanaí. Tá sé freagrach freisin as rochtain ar chúram leighis a bhaint de dhaoránaigh faoi aois. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
205.	Sviatlana Aliaksandrauna BANDARENKA Svetlana Aleksandrovna BONDARENKO	Святлана Аляксандраўна БАНДАРЭНКА Светлана Александровна БОНДАРЕНКО	Post/poist: Breitheamh ag cúirt i ndúiche Moskovsky de Mhionsc Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina post mar Bhreitheamh i ndúiche Moskovsky de Mhionsc, tá Sviatlana Bandarenka freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht. Tá pianbhreith gearrtha aici ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise as páirt a ghlacadh in agóidí agus as barúlacha frithrialtais a fhoilsiú ar Telegram. Ghearr sí pianbhreith freisin ar an iriseoir Ekaterina Borisevich agus ar an dochtúir éigeandála san ospidéal Artyom Sorokin as rúin leighis a nochtadh faoi Roman Bondarenko, a bhuail na fórsaí slándála chun báis. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
206.	Sviatlana Paulauna PAKHODAVA Svetlana Pavlovna POKHODOVA	Святлана Паўлаўна ПАХОДАВА Светлана Павловна ПОХОДОВА	Post/poist: Ceann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach An áit a meastar ina bhfuil sí: Gomel	Ina post mar Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel, tá Sviatlana Pakhodava freagrach as an íde mhídhonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach bhan sin. Bhí sí ina ceann cheana féin ar an gcoilíneacht phionósach nuair a ionchúisíodh Maria Kalesnikava, príosúnach polaitiúil ar tugadh pianbhreith choimeádta 11 bhliain di as a rannpháirtíocht sna hágóidí i gcoinne riail fhorlámhach Aliaksandr Lukashenko sa choilíneacht phionósach. Baineadh cearta uile na bpríosúnach di, lena n-áirítear an ceart dul i gcomhairle le dlíodóir. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
207.	Tatsiana Valerieuna PIROZHNIKAVA Tatiana Valeryevna PIROZHNIKOVA	Тацяна Валер’еўна ПІРОЖНІКАВА Татьяна Валерьевна ПІРОЖНИКОВА	Post/poist: Breitheamh ag cúirt i ndúiche Moskovsky de Mhionsc Dáta breithe: 8.1.1987 Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4010887M019PB2	Ina post mar bhreitheamh i ndúiche Moskovsky de Mhionsc, ghearr Tatsiana Pirozhnikava pianbhreith ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise ar fhorais pholaitiúla, lena n-áirítear as a rannpháirtíocht in agóidí agus as tuairimí frithrialtais a fhoilsíú ar Telegram. Tá fianaise ann go ngearrann sí, ó am go chéile, pianbhreitheanna níos déine ná iad siúd a iarrann an t-ionchúisitheoir. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
208.	Tatsiana Aliaksandrauna GRAKUN Tatyana Alexandrovna GRAKUN	Тацяна Аляксандраўна ГРАКУН Татьяна Александровна ГРАКУН	Post/poist: Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc um Maoirseacht ar Chomhlíonadh Dlí na gCinntí Cúirte i gCásanna Coiriúla; Comhairleoir Sóisearach an Cheartais Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is ionchúisitheoir Bealarúiseach í Tatsiana Grakun atá ag obair in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc. Sa phost sin, tá ionadaíocht déanta aici do réimeas Lukashenka i gcásanna dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí. Go háirithe, d’ionchúisigh sí Maryna Zolatava, príomheagarthóir TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi, agus Liudmila Chekina, stiúrthóir ginearálta TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi i mí an Mhárta 2023, bunaithe ar na cúisimh gan forais, “dochar a dhéanamh do shlándáil náisiúnta Phoblacht na Bealarúise”. Tá Tatsiana Grakun freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
209.	Valentina Mikalaeuna ZIANKEVICH Valentina Nikolaevna ZENKEVICH	Валянціна Мікалаеўна ЗЯНКЕВІЧ Валентина Николаевна ЗЕНЬКЕВИЧ	Post/poist: Coláiste Breithiúnach um Chásanna Coiriúla Chúirt Chathrach Mhionsc, Breitheamh Dáta breithe: 8.1.1969 Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is breitheamh Bealarúiseach í Valentina Ziankevich atá ag obair i gColáiste Breithiúnach um Chásanna Coiriúla Chúirt Chathrach Mhionsc. D'eisigh sí rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. Chiontaigh sí seachtar saoránach de chuid na Bealarúise ar a laghad ar fhorais pholaitiúla, lena n-áirítear Maryna Zolatava, príomheagarthóir TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi, agus Liudmila Chekina, stiúrthóir ginearálta TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi i mí an Mhárta 2023. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sí i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise ó 2022. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
210.	Yauheni Valerievich BUBICH Yevgeny Valerievich BUBICH	Яўген Валер'евіч БУБІЧ Евгений Валерьевич БУБІЧ	Post/poist: Ceann Choilíneacht Phionósach uimh. 2; Leifteanant-Choirméal na seirbhíse inmheánaí Dáta breithe: 3.6.1979 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Bobruysk, sráid Kovzana 60, árasán 42; Bobruysk, sráid Kovzana 5/485; Bobruysk, sráid Internationalnaya 66B, árasán 31	Ina phost mar Cheann Choilíneacht Uimh. 2 in Bobruysk, tá Yauheni Bubich freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, saothar éignithe, agus foréigean fisiciúil agus síceolaíoch, a tugadh do na príosúnaigh. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
211.	Yuri Ivanavich VASILEVICH Yury Ivanovich VASILEVICH	Юры Іванавіч ВАСІЛЕВІЧ Юрий Иванович ВАСИЛЕВИЧ	Post/poist: Ceann Choilíneacht Phionósach Uimh. 14 in Novosady Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 14, tá Yury Vasilevich freagrach as an drochíde a tugadh do na ciontuithe arna gcoinneáil faoina dhlínse, agus as íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
212.	Raman Ivanavich BIZIUK Roman Ivanovich BIZYUK	Раман Іванавіч БІЗЮК Роман Иванович БИЗЮК	Post/poist: Ionchúisitheoir Dáta breithe: 25.3.1986 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3250386H012PB7 Seoladh: Mionsc, 30 Masherova Ave., árasán 25	Ina phost mar ionchúisitheoir ag Cúirt Dúiche Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Raman Biziuk do réimeas Lukashenka in iliomad cásanna dar siocair an pholaitíocht, go háirithe i gcoinne Marfa Rabkova, agus Andrei Chapiuk, ar forchuireadh breitheanna rífhada orthu de 15 bliana agus 6 bliana sa phríosún faoi seach, agus a n-ochtair comhchosantóirí, ar gearradh téarmaí príosúnachta idir 5 bliana agus 17 mbliana orthu. Cuireadh Marfa Rabkova i bpríosún ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht dar bunús “oiliúint a chur ar dhaoine chun páirt a ghlacadh i gcéiríbeacha ollmhóra nó na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú”, an tseirbhís saorálaithe a chomhordú sa ghrúpa um chearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta, Viasna, agus faireachán ar thoghchán Lúnasa 2020 a eagrú. Tá taifead fianaise aici freisin ar chásanna céastóireachta agus ar dhrochíde eile i gcoinne agóideoirí atá á gcoinneáil. Bhí Marfa Rabkova ar dhuine de na chéad bhaill de Viasna ar dhírigh na húdaráis uirthi le cúisimh choiriúla dar siocair an pholaitíocht tar éis na n-agóidí i Lúnasa 2020. Cúisíodh Andrei Chapiuk as páirt a ghlacadh in eagraíocht choiriúil agus as fuath a ghríosú, i measc nithe eile, agus as a rannpháirtíocht in Viasna mar shaorálaí. Reáchtáladh a dtriail go rúnda ar iarraidh ón ionchúisitheoir Raman Biziuk agus ar fhormheas an bhreithimh Siarhei Khrypach mar gheall ar “ábhair de chineál antoiseach” a líomhnaíodh a bheith bainteach leis an gcás. Tá Raman Biziuk freagrach freisin as an ionchúiseamh dar siocair an pholaitíocht i gcoinne na gcomhchosantóirí sa triail chéanna, eadhon Akihiro Haeuski-Hanada, Alyksandr Frant-askevich, Alykaksi Galauko, Alyksandr Kazlyanka, Pavel Shpteny, Mikita Dranets, Andrei Marach agus Daniil Chul. Tá sé freagrach freisin as na cúisimh dar siocair an pholaitíocht i gcoinne Andrei Linnik agus Anton Bialenski, chomh maith leis an ionchúiseamh i gcoinne Dzmitry Kanapelka, Vitalii Kavalenka, Tsimur Pipiya, Dzianis Boltuts, Vital Shyshlou agus Emil Huseinau. Tá Raman Biziuk freagrach, dá bhri sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
213.	Siarhei Fiodaravich KHRYPACH Sergey Fedorovich KHRIPACH	Сяргей Фёдаравіч ХРЫПАЧ Сергей Фёдорович ХРИПАЧ	Post/poist: Breitheamh ag Cúirt Réigiúnach Mhionsc Dáta breithe: 16.4.1966 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Phearsanta: 3160466A077PB2 Seoladh: Mionsc, sráid Odintsova 105, árasán 206	Ina phost mar bhreitheamh ag Cúirt Réigiúnach Mhionsc, tá ionadaíocht déanta ag Siarhei Khrypach do réimeas Lukashenka in iliomad cásanna dar siocair an pholaitíocht, go háirithe i gcoinne Marfa Rabkova, Andrei Chapyuk, ar forchuireadh pianbhreitheanna rífhada orthu de 15 bliana agus 6 bliana sa phríosún faoi seach) agus a n-ochtair comhchosantóirí, ar gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 5 bliana agus 17 mbliana orthu. Cuireadh Marfa Rabkova i bpríosún ar chúisimh dar siocair an pholaitíocht dar bunús “oilíúint a chur ar dhaoine chun páirt a ghlacadh i gciréibeacha ollmhóra nó na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú”, an tseirbhís saorálaithe a chomhordú sa ghrúpa um chearta an duine a aithnítear go hidirmáisiúnta, Viasna, agus faireachán ar thoghchán Lúnasa 2020 a eagrú. Tá taifead fianaise aici freisin ar chásanna céastóireachta agus ar dhrochíde eile i gcoinne agóideoirí atá á gcoinneáil. Bhí Marfa Rabkova ar dhuine de na chéad bhaill de Viasna ar dhírigh na húdaráis uirthi le cúisimh choiriúla dar siocair an pholaitíocht tar éis na n-agóidí i Lúnasa 2020. Cúisíodh Andrei Chapiuk as páirt a ghlacadh in eagraíocht choiriúil agus as fuath a ghríosú i measc nithe eile, agus as a rannpháirtíocht in Viasna mar shaorálaí. Reáchtáladh a dtriail go rúnda ar iarraidh ón ionchúisitheoir Raman Biziuk agus ar fhormheas an bhreithimh Siarhei Khrypach mar gheall ar “ábhair de chineál antoiseach” a liomhnaíodh a bheith bainteach leis an gcás. Tá Siarhei Khrypach freagrach freisin as stiúradh na trialach agus na fíorasc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne na gcomhchosantóirí sa triail chéanna, eadhon Akihiro Haeuski-Hanada, Alyaksandr Frantaskevich, Alykaksi Galauko, Alyaksandr Kazlyanka, Pavel Shteny, Mikita Dranets, Andrei Marach and Daniil Chul. Tá Siarhei Khrypach freagrach freisin as an bhfíorasc dar siocair an pholaitíocht i gcoinne Yegor Dudnikov, i mBealtaine 2021. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den daonlathas nó den smacht reachta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
214.	Vadim Frantzavich GIGIN Vadim Franzevich GIGIN Vadzim HIIIN	Вадзім Францавіч ГІГІН Вадим Францевич ГИГИН	Post/poist: Stiúrtóir Leabharlann Náisiúnta na Bealarúise, iarcheann ar chumann rialtais na Bealarúise “Knowledge”, agus déan Dhámh na Fealsúnachta agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Stáit na Bealarúise, iarrthóir ar eolaíocht stairiúil Dáta breithe: 21.10.1977 Áit bhreithe: Mionsc, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Tá Vadim Gigin ar na daoine is glóraí agus is mó tionchair ó thaobh chóras bholscaireacht stát na Bealarúise a chur chun cinn. Tacaíonn sé go córasach le réimeas Lukashenka agus is minic a chuireann sé a thuairimí i láthair ar chainéal teilifíse an stáit ONT agus ag Belarus 1. Thacaigh Vadim Gigin agus thug sé údar le cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach, ar an tsochaí shibhialta agus na meáin neamhspleácha, go háirithe tar éis na dtoghchán uachtaránachta i Lúnasa 2020. Scaipeann Vadim Gigin a chuid scéalta bolscaireachta ndáil le “réimeas Naitsíoch san Úcráin”, clúmhilleadh an Iarthair agus údar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Go mí an Mheithimh 2023, bhí Vadim Gigin i gceannas ar an gcumann Bealarúiseach “Knowledge”, a aithnítear mar eagraíocht neamhrialtasach státurraithe a chuireann Lukashenka agus a réimeas chun cinn. Thug Lukashenka aitheantas do rannchuidiú Gigin leis an réimeas i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a bronnadh an bonn “For Labor Merits” ar Gigin. Thairis sin, i mí Feabhra 2023, ceapadh é ina chomhalta den Choimisiún a bhreithníonn achomhairc saoránach den Bhealarúis thar lear maidir le cionta a rinne siad, faoi cheannas Ard-Ionchúisitheoir na Bealarúise, Andrei Shved. Tá Vadim Gigin, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	3.8.2023
215.	Ksenia Piatrouna LEBEDZEVA Ksenia Petrovna LEBEDEVA	Ксенія Пятроўна ЛЕБЕДЗЕВА Ксения Петровна ЛЕБЕДЕВА	Post/poist: Bolscaire agus fostaí den chainéil stáit “Belarus 1” agus TV News Agency. Dáta breithe: 12.12.1987 Áit bhreithe: Mogilev, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Tá Ksenia Lebedzeva ar dhuine de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka agus tá dlúthbhaint aici le meáin an réimis. Is láithreoir teilifíse Bealarúiseach í ag an gcainéal “Belarus 1”, atá faoi úinéireacht an stáit. Tá an clár faisnéise anailíseach “This is different” á chur i láthair aici ó mhí Iúil 2021, ar an gcainéal teilifíse “Belarus 1”, atá faoi úinéireacht an stáit. Ina colún agus ina tuairiscí don chainéal teilifíse “Belarus 1”, cuireann sí bolscaireacht na Rúise chun cinn maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar aon le bolscaireacht stáit na Bealarúise atá dírithe ar an bhfreasúra agus ar thíortha comharsanachta. Tá an smaoineamh go bhfuil an Úcráin, in éineacht le ECAT, ag seoladh faisnéise agus oibriochtaí speisialta síceolaíocha i gcoinne na Bealarúise ó 2020 á chur chun cinn ag Ksenia Lebedzeva, mar aon le cuntas Lukashenka go bhfuil ionadaithe an fhreasúra á maoiniú ag tíortha an Iarthair.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
				An 16.1. 2021, bhronn Lukashenka buíochas ar Ksenia Lebedzeva as “rannchuidiú suntasach le cur chun feidhme bheartas faisnéise an stáit, ardghairmiúlacht, clúdach oibiachtúil agus cuimsitheach ar imeachtaí shaol sochpholaitiúil agus soch-chultúrtha na tíre”. Tá Ksenia Lebedeva, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú le réimeas Lukashenka.	
216.	Zinaida Vasilieuna BALABALAVA Zinaida Vasilievna BALABALAVA	Зінаіда Васільеўна БАЛАБАЛАВА Зинаида Васильевна БАЛАБОЛАВА	Post/poist: Breitheamh ag Cúirt Chathrach Nava-polatsk Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh de Chúirt Chathrach Navapolatsk, tá Zinaida Balabalava freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an gceannaire ceardchumann Volha Bytsikava, agus ar na gníomhaithe Hanna Tukava agus Andrei Halavyryn. Ghearr sí fineálacha agus d'ordaigh sí go ngabhfaí daoine as comharthaí frithchogaíochta a fhoilsiú nó as tuairisciú neamhspleách ar thrialacha. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
217.	Halina KNIZHONAK Galina KNIZHONAK	Галіна КНИЖОНАК Галина КНИЖОНАК	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Mazyr Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Mazyr, tá Halina Knizhonak freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Hleb Koipish, Uladzislau Hancharou, Aliaksandr Tsimashenka agus Daniil Skipalski. Tá téarma príosúnachta gearrtha aici ar dhaoine as páirt a ghlacadh in agóidí síochánta i gcoinne réimeas Lukashenka. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
218.	Hanna Barisauna LIAVUSIK Anna Borisovna LEUSIK	Ганна Барысаўна ЛЯВУСІК Анна Борисовна ЛЕУСИК	Post/poist: Breitheamh i gcúirt dúiche Leninsky in Hrodna/Grodno Dáta breithe: 7.10.1973 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Seoladh: Grodno, sráid Soviet Border Guards 120, árasán 47 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4071073K000PB2	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Leninsky, Hrodna, tá Hanna Liavusik freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Alexander Tyelega. Tá fineálacha agus téarmaí príosúin gearrtha aici ar dhaoine as labhairt suas i gcoinne an fhoréigin agus an chos ar bolg. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
219.	Henadz Ivanavich KUDLASEVICH Gennady Ivanovich KUDLASEVICH	Генадзь Іванавіч КУДЛАСЕВІЧ Геннадий Иванович КУДЛАСЕВИЧ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Ivanovsky Dáta breithe: 5.5.1973 Áit bhreithe: Tereblychi, Ceantar Stolin, iar-Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Ina phost mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Leninsky, tá Henadz Kudlasevich freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Yuri Holik. Tá pianbhreitheanna príosúnachta, coinneáil tí agus fineálacha gearrtha aige ar dhaoine as agóid a dhéanamh i gcoinne an rialtais nó as tuairisciú neamhspleách. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór ón smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
220.	Ina Leonidauna PAULOUSKAYA Inna Leonidovna PAVLOVSKAYA	Іна Леанідаўна ПАЎЛОЎСКАЯ Инна Леонидовна ПАВЛОВСКАЯ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Dúiche Baranovich Dáta breithe: 29.7.1975 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Seoladh: Baranovich, sráid Mikolskaya 32 Uimhir Aitheantais Phearsanta: 4290775C016PB9	Ina post mar bhreitheamh i gcúirt dúiche Baranovich, tá Ina Paulouskaya freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as pianbhreith a fhorchur ar Vitaly Korsak agus Anatoly Pugach. Tá téarmaí príosúin agus fineálacha gearrtha aici ar dhaoine as an Uachtarán Lukashenka a cháineadh agus as agóid a dhéanamh i gcoinne thoradh thoghcháin uachtaránachta 2020. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
221.	Aliaksandr Mikalaevich TARAKANAU Alexander Nikolaevich TARAKANOV	Аляксандр Мікалаевіч ТАРАКАНАЎ Александр Николаевич ТАРАКАНОВ	Post/poist: Cúirt Dúiche Shklov, Réigiún Mogilev, Breitheamh Dáta breithe: 19.5.1965 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Aliaksandr Tarakanau a fheastalaíonn i gCúirt Dúiche Shklov i Réigiún Mogilev. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é ar feadh tréimhse éiginnte in 2017. Den chuid is mó, d'fhorchuir sé pianbhreitheanna a mhéadaigh ar na pionóis i gcoinne freasúra polaitiúil údaráis na Bealarúise, go háirithe i gcomhthéacs athrú a dhéanamh ar na pianbhreitheanna a forchuireadh go príosúnacht iomlán nó go córas níos déine chun na pianbhreitheanna sin a sheirbheáil. Rinneadh cinneadh den sórt sin i gcás an fhealsaimh agus an iriseora Uladzimir Matskievich atá bainteach leis an gcainéal teilifíse neamhspleách Belsat. Tá Aliaksandr Tarakanau freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
222.	Dzmitry Vitalevich BUBENCHIK Dmitry Vitalievich BUBENCHIK	Дзмітрый Віталевіч БУБЕНЧЫК Дмитрий Витальевич БУБЕНЧИК	Post/poist: Cúirt Réigiúnach Grodno, Breitheamh Dáta breithe: 15.7.1985 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Dzmitry Bubenchik a fheastalaíonn i gCúirt Dúiche Grodno. Ba é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. D'eisigh sé rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. An 8 Feabhra 2023 ghearr sé téarma príosúnachta 8 mbliana ar Andrzej Poczobut, iriseoir neamhspleách agus gníomhaí den mhionlach Polannach atá cáinteach ar rialtas Phoblacht na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
223.	Aleg Uladzimiravich KHOROSHA Oleg Vladimirovich KHOROSHO	Алег Уладзіміравіч ХОРОШКА Олег Владимирович ХОРОШКО	Post/poist: Cúirt Réigiúnach Grodno, Breitheamh Dáta breithe: 22.5.1977 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Aleg Khoroshka a fheastalaíonn i gCúirt Dúiche Gomel. Ba é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. D'eisigh sé rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise, lena n-áirítear iriseoir ón stáisiún teilifíse neamhspleách Belsat, Katsiaryna Andreyeva a ghearradh pianbreith 8 mbliana agus 3 mhí i gcoilíneacht phionósach di. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
224.	Anastasia Uladzimirouna BENEDZISIUK Anastasia Vladimirovna BENEDISYUK	Анастасія Уладзіміраўна БЕНЕДЗІСІЮК Анастасія Владимировна БЕНЕДИСІЮК	Post/poist: Ceann Roinn Tuairisceoirí an TV News Agency sa chainéal teilifíse stáit náisiúnta Belarus 1 TV Dáta breithe: 31.10.1992 Áit bhreithe: Oshmyan, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Tá Anastasia Benedzisiuk ar dhuine de phríomhbholscairí réimeas Lukashenka agus Ceann Roinn Tuairisceoirí an TV News Agency, a ullmhaíonn tuairiscí don chainéal Belarus 1 TV. Bíonn sí ina hóstach ar an gelár faisnéise “Plan B” ar an gcainéal teilifíse “Belarus 1” atá faoi úinéireacht an stáit. Ar a clár agus ina tuairiscí do chainéal teilifíse Belarus 1, scaipeann sí insintí bolscaireachta na Rúise faoin “réimeas Naitsíoch san Úcráin”, faoi Fhórsaí Armtha na hÚcráine, chomh maith le bolscaireacht Lukashenka i gcoinne fhreasúra na Bealarúise agus reisimint Kalinousky. Chomh maith leis sin, scaipeann sí bolscaireacht i gcoinne smachtbhannaí an Iarthair. In 2023, thug Lukashenka bonn oifigiúil le buíochas ar Anastasia Benedisyuk as “rannchuidiú suntasach le cur chun feidhme bheartas faisnéise an stáit, ardghairmiúlacht, clúdach oibiachtúil agus cuimsitheach ar imeachtaí shaol sochpholaitiúil agus soch-chultúrtha na tíre”. Tá sí, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	3.8.2023
225.	Yauhen PUSTAVY Yevgeniy PUSTOVOY	Яўген ПУСТАВЫ Евгений ПУСТОВОЙ	Feidhm: Bolscaire agus craoltóir Bealarúiseach Dáta breithe: 29.2.1984 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is bolscaire Bealarúiseach é Yauhen Pustavy atá ag obair do Stolichnoye Televideniye, ceann de na trí chainéal teilifíse náisiúnta sa Bhealarúis, agus do Minskaya Prawdа, nuachtán stáit. Tá sé freagrach as bolscaireacht a scaipeadh mar thaca le beartais Lukashenka agus as údar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Bhronn Lukashenka aitheantas air dá bhuanna i mbun bheartas faisnéise an Stáit a fhorbairt. Thairis sin, tá sé ina chomhalta den Choimisiún Stáit a bhfuil sé d’aidhm aige teighigh pholaitiúla ar mian leo filleadh ar an mBealarúis a fhíorú. Is é Lukashenka a chruthaigh an coimisiún sin agus é mar aidhm pholaitiúil na dídeanaithe atá ag filleadh ar an mBealarúis a chur i láthair mar dhaoine ar oth leo a gcuid gníomhaíochtaí i gcoinne réimeas Lukashenka. Tá sé, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
226.	Alena Stanislavauna HARMASH Alena Stanislavovna GORMASH	Алена Станіславаўна ГОРМАШ Елена Станиславовна ГОРМАШ	Feidhm: Cúirt Dúiche Bobruisk agus Bobruisk, Breitheamh Dáta breithe: 10.9.1967 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Bealarúiseach í Alena Harmash a fhreastalaíonn i gCúirt i nDúiche Bobruisk agus Bobruisk. D'eisigh sí rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údarais na Bealarúise. Chiontaigh sí seisear de lucht tacaíochta agus gníomhaithe an fhreasúra ar chúiseanna polaitiúla. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sí i gcoinne lucht freasúra údarais na Bealarúise ó 2020. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
227.	Andrei Ramanavich TARASEVICH Andrei Romanovich TARASEVICH	Андрэй Раманавіч ТАРАСЕВІЧ Андрей Романович ТАРАСЕВИЧ	Feidhm: Cúirt Dúiche Glubokoye, Breitheamh Dáta breithe: 10.11.1974 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Andrei Tarasevich a fhreastalaíonn i gCúirt Dúiche Glubokoye. D'eisigh sé rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údarais na Bealarúise. Chiontaigh sé 13 shaoránach ón mBealarúis ar fhórais pholaitiúla. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sé i gcoinne lucht freasúra údarais na Bealarúise ó 2017 go dtí 2023. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
228.	Hanna Mikhailauna ASIPIENKA Hanna Mikhailovna OSIPIENKO	Ганна Міхайлаўна АСІПЕНКА Анна Михайловна ОСИПЕНКО	Feidhm: Breitheamh i gCúirt Dúiche Bobruisk agus Bobruisk, Dáta breithe: 7.12.1982 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Bealarúiseach í Hanna Asipienka a fhreastalaíonn i gCúirt i nDúiche Bobruisk agus Bobruisk. D'eisigh sí rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údarais na Bealarúise. Idir 2020 agus 2023, ghlac sí páirt ghníomhach i bpianbhreith a ghearradh ar fhreasúra polaitiúil an réimis. Le linn na tréimhse sin, ghearr sí 13 phianbhreith ar a laghad, lena n-áirítear cásanna bheirt iriseoirí neamhspleácha sna meáin. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
229.	Iryna Uladzimirana PADKAVYRAVA Irina Vladimirovna PODKOVYROVA	Ірына Уладзіміраўна ПАДКАВЫРАВА Ирина Владимировна ПОДКОВЫРОВА	Feidhm: Ionchúisitheoir Dáta breithe: 22.9.1972 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Is ionchúisitheoir Bealarúiseach í Iryna Padkavyrava. Tá baint aici leis na húdaráis ionchúisimh ó 2009 ar a laghad, nuair a d'fhreastail sí mar ionchúisitheoir sinsearach i réigiún Gomel. In 2022, ghníomhaigh sí mar ionchúisitheoir i dtrial iriseora neamhspleách atá cleamhnaithe le TVP agus Belsat TV. Ag an am, d'iarr sí téarma príosúnachta 4 bliana don iriseoir. Ghlac sí páirt freisin i mbreithniú na n-achomharc i gcoinne pianbheirtheanna a forchuireadh as iontrálacha a phostáil ar mheáin shóisialta na Bealarúise a bhí neamhfhabhrach don rialtas agus dá oifigigh. Mar ionchúisitheoir, thacaigh sí leis na pionóis, agus mheas sí go raibh siad leordhóthanach agus cothrom. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
230.	Ludmila Stsiapanauna VASHCHANKA Ludmila Stiepanovna VASHCHENKO	Людміла Сцяпанаўна ВАШЧАНКА Людмила Степановна ВАЩЕНКО	Feidhm: Breitheamh i gCúirt Dúiche Glubokoye, Dáta breithe: 22.9.1972 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh ón mBealarúis í Liudmila Vashchanka a fhreastalaíonn i gCúirt Dúiche Glubokoye. D'eisigh sí rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sí i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise ó 2007 go 2023. Le linn na tréimhse sin, chiontaigh sí ar a laghad 9 saoránach ón mBealarúis, lena n-áirítear lucht tacaíochta agus gníomhaithe an fhreasúra, ar fhorais pholaitiúla. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
231.	Uladzimir Aliaksandrovich DAVYDAU Vladimir Alexandrovich DAVYDOV	Уладзімір Аляксандравіч ДАВЫДАЎ Владимир Александрович ДАВЫДОВ	Feidhm: Breitheamh i gCúirt Uachtarach na Bealarúise Dáta breithe: 11.4.1967 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach í Uladzimir Davydau a fhreastalaíonn i gCúirt Uachtarach na Bealarúise. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é ar feadh tréimhse éiginnte in 2014. Rialaigh an Breitheamh Davydau go príomha ar achomhairc maidir le pianbheirtheanna príosúnachta do ghníomhaithe polaitiúla agus d'iriseoirí. D'fhág sé na téarmaí príosúnachta sin gan athrú. Rinneadh cinneadh mar sin, i gcás an iriseora Belsat, Pavel Vinahradau. Tá Uladzimir Davydau freagrach, dá bhrí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Names (Transliteration of Belarusian spelling) (Transliteration of Russian spelling)	Names (Belarusian spelling) (Russian spelling)	Identifying information	Reasons for listing	Date of listing
232.	Viachaslau Uladimirovich YELISEENKA Vyacheslav Vladimirovich ELISEENKO	Вячаслаў Уладзіміравіч ЕЛІСЕЕНКА Вячеслав Владимирович ЕЛИСЕЕНКО	Feidhm: Breitheamh i gCúirt Dúiche Dokshitsy Dáta breithe: 10.4.1979 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Viachaslau Yeliseenka a fhreastalaíonn i gCúirt Dúiche Dokshitsy. D'eisigh sé rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. Chiontaigh sé 10 saoránach ón mBealarúis ar fhorais pholaitiúla. Tá neart fianaise ann de rialuithe dar siocair an pholaitíocht a d'eisigh sé i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise ó 2018. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
233.	Anton Uladzimiravich KALYAGA Anton Vladimirovich KOLYAGO	Антон Уладзіміравіч КАЛЯГА Антон Владимирович КОЛЯГО	Feidhm: Príomh-imscrúdaitheoir - imscrúdaitheoir le haghaidh cásanna thar a bheith tábhachtach sa Phríomh-Stiúrthóireacht um Imscrúdú Coireanna i Sfear na Coireachta Eagraithe agus an Éillithe i bhFearas Lárnach Choiste Imscrúdaitheach, Maor Dlí agus Cirt Dáta breithe: 2.10.1989 Áit bhreithe: Mionsc, Poblacht na Bealarúise Náisiúntacht: An Bhealarúis Inscne: fireann	Is imscrúdaitheoir é Anton Kalyaga de chuid na Príomh-Stiúrthóireachta um Imscrúdú Coireanna i Sfear na Coireachta Eagraithe agus an Éillithe i Lároifig Choiste Imscrúdaitheach Phoblacht na Bealarúise. Tugann sé comhaltaí Viasna os comhair na cúirte. Áirítear go leor neamhrialtachtaí sna himeachtaí breithiúnacha i gcoinne Ales Bialiatski, Valianstin Stefanovich agus Uladzimir Labkovich agus chuir na húdaráis síneadh, mar dhea, leis an tréimhse imscrúdaithe chun iarracht a dhéanamh fianaise a chumadh agus sáraíodh an teorainn ama arna bunú le dlí na Bealarúise agus le caighdeáin idirnáisiúnta lena rialaítear an ceart chun triail chóir a fháil. Níor chloígh imscrúdú agus triail chás Viasna leis an smacht reachta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

▼ **M18**

B. Legal persons, entities or bodies referred to in Article 4(1)

▼ **M27**

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
1.	Beltechexport	Белтехэкспорт	Seoladh: Nezavisimosti Ave., 86-B Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: https://bte.by/ Seoladh ríomhphoist: mail@bte.by	Is eintiteas príobháideach é Beltechexport a onnmhairíonn airm agus trealamh míleata arna dtáirgeadh ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise go tíortha san Afraic, i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mheánoirthear. Tá ceangal láidir ag Beltechexport le Ministry of Defense na Bealarúise. Tá Beltechexport dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis, trí bhuntáistí a thabhairt do réimeas na huachtaránachta.	17.12.2020
2.	Dana Holdings	ТАА ‘Дана Холдингз’ ООО ‘Дана Холдингз’	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 3 (office 4), 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 690611860 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/ ; https://en.dana-holdings.com ; https://dana-holdings.com/ Seoladh ríomhphoist: info@bir.by Teil. +375 (29) 636-23-91	Tá Dana Holdings ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus na tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta agus a fochuideachtaí cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus d’fhorbair siad roinnt coimpléisc mhóra cónaithe agus ionaid ghnó. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Holdings. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, in Dana Astra. Tá Dana Holdings fós gníomhach ó thaobh an gheilleagair de sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Dana Holdings ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas	17.12.2020

▼ M27

	Ainmneacha (Traslitriú an litirthe Bealarúisise) (Traslitriú an litirthe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
3.	Dana Astra	ЗТАА ‘Дана Астра’ ИООО ‘Дана Астра’	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 9-13, 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 191295361 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/ ; https://en.dana-holdings.com/ ; https://dana-holdings.com/ Seoladh ríomhphoist: PR@bir.by Teil. +375 (17) 269-32-60; +375 17 269-32-51	Tá Dana Astra, a bhíodh ina fhochuideachta de Dana Holdings, ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus tá sé ag forbairt ionad ilfheidhmeach ‘Minsk World’, atá fógartha ag an gcuideachta mar an infheistíocht is mó dá cineál í san Eoraip. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Astra. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, sa chuideachta. Dá bhrí sin, tá Dana Astra ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas.	17.12.2020
4.	GHU – Main Economic Department of the Presidential Administration	Главное хозяйственное управление	Seoladh: Miasnikova St. 37, Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: http://ghu.by Seoladh ríomhphoist: ghu@ghu.by	Is é Main Economic Department of the Presidential Administration (GHU) an t-oibreoir is mó ar mhargadh réadmhaoine neamhchónaithigh i bPoblacht na Bealarúise agus déanann sé maoirseacht ar chuid mhór cuideachtaí. D’iarr an tUachtarán Aliaksandr Lukashenka ar Victor Sheiman, a bhí mar iarcheann ar Belarus President Property Management Directorate a rinne rialú díreach ar GHU, sábháilteacht thoghcháin uachtaránachta 2020 a mhaoirsiú. Tá GHU, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis.	17.12.2020

▼ **M27**

	Ainmneacha (Traslitriú an litirthe Bealarúisise) (Traslitriú an litirthe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
--	---	---	----------------------	-----------------------	--------------------

▼ **M34**

